



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

16338/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0435(COD)**

**CONSOM 460
MI 1082
COMPET 1224
TOUR 44
TRANS 570
IA 344
CODEC 2379**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 905 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 905 final.

Faoi iamh: COM(2023) 905 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2023
COM(2023) 905 final

2023/0435 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 540 final} - {SWD(2023) 905 final} - {SWD(2023) 906 final} -
{SWD(2023) 907 final} - {SWD(2023) 908 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Feidhmíonn an turasóireacht ról tábhachtach sa gheilleagar domhanda, ar mó é ar bhealach díreach agus indíreach ná 10 % den olltáirgeacht dhomhanda. Arna spreagadh ag ioncaim mhéadaitheacha, costais taistil íslitheacha agus réimse méadaitheach na ngníomhaíochtaí turasóireachta dá bhfuil ar fáil, tháinig méadú ar líon domhanda na dturasóirí ó 680 milliún in 2000 go dtí 1,5 billiún in 2019. Is é an tAontas Eorpach an ceann scríbe is mó ar domhan a bhfuil tóir ag turasóirí air, a fuair dhá thrian de na teachtaí turasóirí idirnáisiúnta uile in 2022. Feidhmíonn tionscal na turasóireachta príomhról i ngeilleagar an Aontais, le 2,3 milliún gnólacht turasóireachta agus 10,9 milliún duine ag obair sa tionscal in 2020¹.

Úsáideann tomhaltóirí Eorpacha réimse bealaí chun seirbhísí taistil a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna. Mar shampla, is féidir leo áirithintí ar leithligh a dhéanamh le haghaidh iompair agus/nó cóiríochta, go díreach le soláthraithe seirbhíse difriúla nó trí mheán idirghabhálaithe. Is féidir leo pacáistí taistil láneagraithe réamhshocrú, saincheaptha, ar líne nó as líne a cheannach ina gcomhcheanglaítear cineálacha difriúla seirbhísí taistil. Is féidir le tionscnóirí turas nó gníomhaireachtaí taistil, iompróirí agus gníomhaithe eile pacáistí taistil láneagraithe a thairiscint.

Le Treoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara ('an Treoir' nó 'an TTL')² rinneadh an creat dlíthiúil don taisteal láneagraithe a nuachóiriú chun forbairtí sa mhargadh agus sa teicneolaíocht a léiriú. Is é ab aidhm di bealaí nua a chumhdach chun seirbhísí taistil a chur in áirithe a bhí tagtha chun cinn, lena n-áirítear meascáin shaincheaptha seirbhísí taistil, nár cumhdaíodh le Treoir 90/314/CEE³ nó a bhí ina réimse éiginnte ó thaobh an dlí de, agus neartaíodh léi cearta na gcustaiméirí taistil láneagraithe ar bhealaí iolracha. Is é ab aidhm di freisin iomaíocht níos cothroime a áirithiú idir cineálacha difriúla gnólachtaí taistil atá gníomhach i margadh an taistil láneagraithe.

De bharr ráig na paindéime COVID- 19 tháinig ollchealúchán saoirí láneagraithe, agus ní dhearnadh aon áirithint nua ar feadh tréimhse áirithe. De bharr na bhfadhbanna leachtachta dá thoradh a bhain do na heagraíthe taistil láneagraithe, ní bhfuair roinnt mhaith taistealaithe aisíocaíocht nó ní bhfuair siad iad ach tamall i bhfad níos déanaí ná na 14 lá a cheanglaítear sa Treoir. Ina Mholadh 2020/648 ó mhí na Bealtaine 2020 ('Moladh 2020'),⁴ leag an Coimisiún prionsabail amach maidir le húsáid dheonach dearbhán agus bealaí lena ndéanamh níos mealltaí do thaistealaithe, lena n-áirítear iad a chosaint ar dhócmhainneacht an eagraí.

¹ https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Tourism_industries_-_economic_analysis

² Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1). Aon tagairt d'airteagail shonracha den Treoir, is tagairt do Threoir 2015 í.

³ Treoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe (IO L 158, 23.6.1990, lch. 59).

⁴ Moladh (AE) 2020/648 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéimí COVID-19 (IO L 151, 14.5.2020, lch. 10).

Chonacthas éagsúlacht maidir le glacadh an Mholta ar fud na mBallstát. Ghlac roinnt Ballstát reachtaíocht a imíonn ón Treoir, lenar fadaíodh na tréimhsí le haghaidh aisíocaíochta nó lenar sainordaíodh dearbháin do thaistealaithe, rud ónar oscail an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh 11 Bhallstát.

Le tuarascáil an Choimisiúin a foilsíodh an 26 Feabhra 2021 ('Tuarascáil Cur i bhFeidhm TTL')⁵ tugtar forbhreathnú ar an gcaoi inar shuigh na Ballstáit an Treoir ina ndlí náisiúnta agus ar an gcaoi ar cuireadh i bhfeidhm í ó mhí Iúil 2018 i leith. Cuirtear roinnt dúshlán i dtábhacht inti, lena n- áirítear na cinn úd a tháinig anuas ó fhéimheacht Thomas Cook thiar in 2019 agus ó phaindéim COVID- 19. I measc na ndeacrachtaí a bhaineann leis an Treoir a chur i bhfeidhm a cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil bhí an chastacht agus an neamhchinnteacht arbh iad na forálacha maidir le socruithe taistil gaolmhara ba chúis leo, deacrachtaí le haisíocaíochtaí a eisiúint agus cosaint éifeachtach ar dhócmhainneacht le linn géarchéim mhór, lena n- áirítear an easpa rialacha maidir le dearbháin agus neamhchinnteacht faoi raon feidhme an chumhdaigh cosanta ar dhócmhainneacht.

D'eisigh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') tuarascáil speisialta maidir le cearta aerphaisinéirí le linn COVID- 19⁶. Ina cuid moltaí, d'iarr an Chúirt ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi, a d'fhéadfaí a dhéanamh le hathruithe reachtacha, a d'fhéadfaí cearta aerphaisinéirí agus taistealaithe a neartú, lena n- áirítear le linn géarchéime, chun dul i ngleic le heisiúint aisíocaíochtaí le haghaidh turais chealaithe agus le dócmhainneacht oibreoirí.

Ina thuairim uaidh an 22 Márta 2022, sainaithníodh san Ardán 'Réidh don Todhchaí' (F4F) cúig fhadhb sa Treoir agus rinne sé moltaí ina leith sin⁷.

Luaitear an mheastóireacht agus an t- athbhreithniú ar an Treoir sa Chlár Oibre Nua do Thomhaltóirí an 13 Samhain 2020⁸. D'fhógair an Coimisiún go ndéanadh sé faoi 2022 'anailís níos grinne ar cé acu a oireann nó nach n- oireann an creat rialála atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an taisteal lánegraithe, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint ar dhócmhainneacht, dá chúram cosaint láidir agus chuimsitheach do thomhaltóirí a áirithiú i gcónaí, agus forbairtí i réimse na gceart paisinéirí á gcur san áireamh freisin.'

Is í an sprioc ghinearálta a bhaineann le hathbhreithniú na Treorach leibhéal na cosanta tomhaltóirí a neartú, lena n- áirítear i gcás géarchéim mhór, agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san earnáil taistil lánegraithe. Sin rud atá i gcomhréir le bunchuspóirí na Treorach. Ar an bhforiomlán, tá rialacha dochta sa Treoir lena rialaítear an taisteal lánegraithe agus tháinig tairbhí suntasacha léi i dtéarmaí na cosanta tomhaltóirí agus fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Mar sin féin, taispeánadh sa mheastóireacht nach bhfuil sí ach leathéifeachtach cuspóirí agus éilimh na dtomhaltóirí agus na dtrádálaithe a chomhlíonadh, agus go bhfuil deis ann dá feabhsú agus dá simpliú. Sainaithníodh inti pointí laga i dtéarmaí easnamh, éiginnteacht dhlíthiúil agus castacht iomarcach ar gá gníomhaíocht spriocdhírthe a dhéanamh ina leith. An dul i ngleic leis na heasnamh sin, mar shampla, trí

⁵ Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir taisteal lánegraithe agus socruithe taistil gaolmhara, COM(2021) 90 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2021%3A90%3AFIN>.

⁶ Tuarascáil Speisialta 15/2021: Cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19: Príomhchearta gan bheith cosanta d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin, https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR21_15/SR_passenger-rights_covid_EN.pdf

⁷ https://commission.europa.eu/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof/fit-future-platform-f4f/adopted-opinions_en#adoptedopinions2022

⁸ COM/2020/696 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020DC0696>

athruithe ar roinnt de na sainmhínte chomh maith le forálacha a chur leis maidir le réamhíocaíochtaí agus dearbháin, agus eilimintí áirithe á sonrú maidir le pacáistí taistil láneagraithe a chealú de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha agus maidir le cosaint ar dhócmhainneacht; beidh sé tairbhiúil dá réir don ullmhú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo agus le haghaidh chur i bhfeidhm na Treorach le linn gnáth- thréimhsí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais**

Tá an Treoir laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Comhar ar Mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí ('Rialachán CPC') agus na Treorach maidir le Caingne Ionadaíocha ('RAD'), rud a chuireann lena forfheidhmiú éifeachtach. Déantar foráil sa Rialachán CPC do chomhghníomhaíocht forfheidhmiúcháin in aghaidh trádálaithe neamh- chomhlíontacha. Beidh feidhm ag RAD ó mhí an Mheithimh 2023 agus méadaítear leis an leibhéal cosanta do chomhleasanna taistealaithe agus tomhaltóirí, ar leibhéal náisiúnta agus trasteorann araon, mar shampla trí bhearta urghaire agus sásaimh a lorg.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tar éis ghlacadh na chéad Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe in 1990, glacadh cúig rialachán maidir le cearta paisinéirí i gcóiracha difriúla iompair ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 (an 'Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí' nó 'APRR') cearta aerphaisinéirí i ndáil le cealúcháin eitiltí, diúltú bordála nó moilleanna. Tá an Rialachán sin comhlántach leis an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe. Cumhdaítear leis an ngaolmhaireacht idir an dá ghníomh dlí i bhforálacha difriúla TTL agus APRR, leis an aidhm chun comhleanúnachas a bhaint amach idir an dá ionstraim.

Tá an Coimisiún ag athbhreithniú an creat rialála maidir le cearta paisinéirí freisin faoin tionscnamh 'Taisteal – cumhdach níos fearr do phaisinéirí agus dá gcearta'. Tá an t-athbhreithniú ar APRR comhdhéanta d'aisíocaíochtaí ar eitiltí cealaithe arna gcur in áirithe trí mheán idirghabhálaithe⁹. Ina theannta sin, táthar ag beartú súil a chaitheamh ar chosaint paisinéirí i gcás dhócmhainneacht aeriompróirí agus géarchéim mhór i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 (An Rialachán maidir le hAersheirbhísí)¹⁰.

Is é is aidhm don athbhreithniú feabhas a chur ar chomhleanúnachas idir TTL agus APRR, mar shampla trí rialacha a thabhairt isteach i ndáil le dearbháin agus rialacha maidir le haisíocaíochtaí gnólacht le gnólacht. Cuirtear san áireamh sna rialacha maidir le réamhíocaíochtaí¹¹ agus cosaint ar dhócmhainneacht, atá mar chuid den athbhreithniú atá molta, staid na himeartha a mhéid a bhaineann le cearta paisinéirí.

⁹ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13290-Travel-better-protection-for-passengers-and-their-rights_en

¹⁰ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13255-Revision-of-the-Air-Services-Regulation_en

¹¹ Is minic a thagraíonn páirtithe leasmhara do réamhíocaíochtaí ar phacáistí taistil láneagraithe roimh thús an aistir freisin mar réamhíocaíochtaí. Is réamhíocaíochtaí iad earlaisí a dhéanann taistealaí tráth áirithe an phacáiste taistil láneagraithe nó go gairid ina dhiaidh sin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é an bunús dlíthiúil le haghaidh ghníomh an Aontais é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), ina ndéantar foráil go '(n)glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle [...] na bearta maidir le comhfhogasú na bhforálacha [...] atá ceaptha sna Ballstáit chun an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú.' Sonraítear in Airteagal 114(3) 'Is ar ardleibhéal cosanta a bheidh tograí an Choimisiúin dá bhforáiltear maidir le [...] cosaint an tomhaltóra bunaithe, agus aon fhorbairt nua atá bunaithe ar fhíorais eolaíocha á cur san áireamh ach go háirithe.' Ina theannta sin, le hAirteagal 169(1) agus Airteagal 169(2)(a) CFAE, déantar foráil nach mór don Aontas rannchuidiú le gnóthú ardleibhéil cosanta tomhaltóirí trí bhearta a ghluactar de bhun Airteagal 114 CFAE.

I gcomhréir le hAirteagal 26(2) CFAE, is éard a bheidh sa mhargadh inmheánach spás gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiríteofar saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus ina mbeidh saoirse bunaíochta ag gnólachtaí. Is gá na cearta agus oibleagáidí maidir le taisteal láneagraithe a chomhchuíbhiú chun fiormhargadh inmheánach a fhorbairt sa turasóireacht, agus cuideoidh sé chun ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a choinneáil ar bun agus a mhéadú.

• Coimhdeacht

Is ionstraim chomhchuíbhithe iomláin é an togra seo, cosúil le Treoir (AE) 2015/2302, óir nach féidir na gnóthaí a rialaítear léi a réiteach go leormhaith ach ar leibhéal an Aontais. A áirithiú go dteachtann gach saoránach den Aontas Eorpach na cearta dá ndéantar foráil sa Treoir, le linn géarchéime san áireamh, ní féidir leis na Ballstáit an méid sin a bhaint amach trí ghníomhú ina n-aonar.

Is earnáil trasearnála é an taisteal láneagraithe, ní hamháin de réir bhrí taistealaithe ag dul ar an gcoigríoch, ach freisin i dtéarmaí saoirí taistil láneagraithe a dhíolann eagraithe atá bunaithe i dtíortha eile le taistealaithe. Is é is aidhm don athbhreithniú ar TTL na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a nuachóiriú agus aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna dá ndearnadh tagairt shonrach sa mheastóireacht. Tá dhá chuspóir uileghabhálacha PTD fós ábhartha, is é sin, chun a áirithiú go bhfaigheann gach taistealaí san Aontas Eorpach leibhéal ard aonfhoirmeach cosanta agus go rannchuidíonn siad le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun na fadhbanna sainaitheanta a bhaint, easnaimh a líonadh, rialacha na Treorach a shoiléiriú agus a shimpliú, tabharfar muinín níos mó do thaistealaithe agus trádálaithe chun pacáistí taistil láneagraithe a cheannach agus a dhíol, lena n-áirítear thar teorainneacha, agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Mar shampla, le rialacha a leagan síos maidir le dearbháin, rialacha comhchoiteanna agus éarlaisí agus sonraíochtaí breise um chosaint ar dhócmhainneacht áiritheofar aonfhoirmeacht níos mó i gcur i bhfeidhm na Treorach. Má théann na Ballstáit i ngleic leis na fadhbanna sin ar bhealach neamh-chomhordaithe, mhéadófaí an ilroinnt sa mhargadh inmheánach leis sin.

• Comhréireacht

Is cothrom é an t-athbhreithniú atá molta ar TTL agus comhlíonann sé prionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 5(3) CFAE. Mar a mhínítear i Roinn 3.3 den tuarascáil ar an measúnú tionchair, ní sháraíonn sé an méid is gá a dhéanamh chun na cuspóirí a bhaint amach óir tá an t-athbhreithniú teoranta do ghnéithe de dhlí an taistil ina bhfuil gá le gníomhaíocht an Aontais.

Mar a thugtar tuairisc air i Roinn 5.3 de Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, rinneadh na roghanna beartais a mheasúnú freisin i bhfianaise na comhréireachta a bhfuil coinne leis sna bearta lena dtugtar aghaidh ar na fadhbanna arna sainaithint.

Ar deireadh, tá an t- athbhreithniú atá molta ar TTL bunaithe ar rogha sa mheasúnú tionchair ina bhfuil bearta nach bhfuil an oiread idirghabhála ag baint leo ná mar atá sna bearta sin atá sna roghanna eile agus atá comhréireach araon le cásanna ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna agus lasmuigh de ghéarchéimeanna (Roinn 6.1 den tuarascáil ar an measúnú tionchair). Dá bhrí sin, leis an tionscnamh seo coinnítear ar bun an chothroime idir cuspóir, acmhainní agus iarmhairtí na gníomhaíochta agus, dá bhrí sin, tá sé comhréireach (Roinn 7.4 den tuarascáil ar an measúnú tionchair). Déantar na forálacha nua a shaincheapadh do na héilimh a dtugann na forálacha aghaidh orthu, agus baineann gné spriocdhírithe leo, arna chalabhrú go cúramach i dtéarmaí raon feidhme agus déine.

- **An rogha ionstraime**

Suitear sa tuarascáil ar an measúnú tionchair nach féidir cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach le bearta neamhreachtacha, amhail moltaí nó treoirlínte (Roinn 5.2.1 den tuarascáil ar an measúnú tionchair).

Le treoir, leagfaí amach tacar comhleanúnach ceart agus oibleagáidí, agus cheadófaí do na Ballstáit na rialacha sin a lánpháirtiú ina ndlí conartha náisiúnta. Chuirfeadh sí ar chumas na mBallstát freisin cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an treoir agus na smachtbhannaí as sárú a rialacha a fhorfheidhmiú. Ar deireadh, ní leasófar leis an togra seo ach ionstraim dlí atá ann cheana.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2019, d'eisigh an Coimisiún an chéad tuarascáil maidir le forálacha TTL a bhfuil feidhm acu maidir le háirithintí ar líne a dhéantar ag díolpoinntí difriúla¹². Marcáladh dúshláin sa tuarascáil, go háirithe cinn a bhaineann le socruithe taistil gaolmhara, amhail easpa soiléireachta an choincheapa agus an deacracht le hidirdhealú a dhéanamh idir pacáistí taistil láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara.

In 2021, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach maidir le cur i bhfeidhm TTL arna leagan síos in Airteagal 26 den Treoir¹³. Nochtadh sa tuarascáil dúshláin áirithe le cur i bhfeidhm na Treorach le linn gnáth- thréimhsí agus le linn géarchéime, go háirithe i gcás aisíocaíochtaí le linn géarchéim mhór, amhail paidéim COVID- 19.

Mar a fógraíodh ina Chlár Oibre Nua do Thomhaltóirí ó mhí na Samhna 2020, rinne an Coimisiún meastóireacht i ndiaidh mheasúnú tionchair ar TTL¹⁴.

¹² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2019:270:FIN>

¹³ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=COM:2021:90:FIN>

¹⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020DC0696>

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil breisluach AE fós le fáil sa Treoir. Thángthas ar an gconclúid inti go raibh a cuspóirí i gcomhréir leis na héilimh a bhfuil coinne leo ó thaistealaithe agus ó eagraithe taistil láneagraithe/mhiondíoltóirí tráth glactha na Treorach, agus go bhfuil siad fós ábhartha. Nochtadh le forbairtí sa mhargadh áfach (den chuid is mó de bharr na digiteála méadaithí agus athruithe ar chleachtais ghnó), leis an taithí phraiticiúil i gcur i bhfeidhm na Treorach agus leis na fadhbanna arbh í paidéim COVID- 19 ba chúis leo, nach gcomhlíonann an Treoir go hiomlán roinn éilimh tomhaltóirí (cosaint agus aisíoc na réamhíocaíochtaí, castacht roinnt rialacha, cur i láthair na faisnéise). Suíodh inti go raibh gá le gníomhaíocht bhreise. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nach raibh TTL ach leathéifeachtach chun rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus le leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach.

Na dúshláin a sainithníodh sa mheastóireacht, is féidir iad a ghrúpáil ina dtrí phríomhfhadhb.

Is é an chéad fhadhb iad na dúshláin a bhaineann le *haisíocaíochtaí ar phacáistí taistil a cuireadh ar ceal*, go háirithe le linn géarchéim mhór. Is iad na príomhspreagthóirí iad cleachtas na réamhíocaíochtaí, easpa leachtachta na n- eagraithe ar theacht isteach roinnt mhaith iarrataí ar aisíoc ag an am céanna agus an éiginnteacht dhlíthiúil i ndáil le húsáid dearbhán. Óir úsaideann eagraithe earlaisí a fhaightear ó thaistealaithe chun íoc roimh ré as seirbhísí áirithe a áirítear le pacáiste taistil láneagraithe, braitheann siad ar aisíocaíochtaí ó sholáthraithe seirbhíse chun bheith in ann taistealaithe a aisíoc má chuirtear an pacáiste taistil láneagraithe ar ceal.

Le linn na paidéime, ní bhfuair roinnt mhaith eagraithe (mear-)aisíocaíochtaí ó sholáthraithe seirbhíse (e.g. aerlínte agus óstáin) agus dá bhrí sin ní raibh siad in ann taistealaithe a aisíoc laistigh den tréimhse shainordaitheach 14 lá. Níl rialacha gnólacht le gnólacht in TTL maidir le haisíocaíochtaí i gcás cealúchán. Tá easpa rialacha inti freisin lena rialaítear úsáid dearbhán. Déanta na fírinne, le linn na paidéime, ba mhinic a d'fhorchuir eagraithe dearbháin ar thaistealaithe in ionad aisíocaíocht ar phacáistí láneagraithe a cuireadh ar ceal, agus níor léir iad cearta na dtaistealaithe i ndáil le dearbháin. Ghlac roinnt Ballstát rialacha sealadacha fiú a cheadaigh d'eagraithe dearbháin a eisiúint gan comhaontú taistealaithe nó chuir siad ar fionraí a gceart ar aisíocaíocht faoi TTL, lena ngintear nósanna imeachta um shárú. I mí na Bealtaine 2020, ghlac an Coimisiún moladh maidir le dearbháin dheonacha arna n- eisiúint le linn na paidéime¹⁵. Chonacthas glacadh measctha don mholadh sna Ballstáit.

Is é an dara fadhb nach dtugtar cosaint leormhaith do réamhíocaíochtaí a dhéanann taistealaithe ar dhócmhainneacht *an eagraí*. Tá éagsúlacht i measc na mBallstát sa chosaint ar dhócmhainneacht le haghaidh dearbhán agus na cearta aisíocaíochta a eascraíonn as cealúchán¹⁶. Tá difríochtaí suntasacha ann freisin idir córais náisiúnta cosanta dócmhainneachta¹⁷. I roinnt Ballstát, is deacair do bhainisteoirí taistil láneagraithe cosaint

¹⁵ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32020H0648>

¹⁶ Tá éagsúlacht sa chleachtas atá ann faoi láthair i measc na mBallstát. Cumhdaíonn sé Bhallstát a d'fhreagair na ceisteanna arna n- iarraidh ag an gCoimisiún sa phróiseas comhairliúcháin dearbháin agus/nó éilimh ar aisíocaíocht leis an gcosaint dócmhainneachta suas go méid áirithe, ach tá sé Bhallstát eile ann nach gcumhdaíonn iad.

¹⁷ Fágтар faoi na Ballstáit d'aon turas in TTL é mionsonraí a gcóras náisiúnta cosanta ar dhócmhainneacht a chur ar bhun, ar choinníoll go gcomhlíonann an córas na critéir faoi Airteagal 17 agus aithrisí 39-40. Is amhlaidh dá bhrí sin is féidir na córais cosanta ar dhócmhainneacht a bhunú ar chistí (poiblí nó príobháideacha), árachas, nó ráthaíochtaí bainc, rud óna dtiocfaidh córais éagsúla cosanta ar dhócmhainneacht ar fud an Aontais.

dócmhainneachta a fháil nó is féidir le réitigh árachais a bheith costasach, go háirithe le linn géarchéime.^{18,19}

Baineann an tríú fadhb le *deacrachtaí le TTL a chur chun feidhme*. Níl dóthain soiléireachta le fáil i roinnt forálacha, tá easnaimh iontu nó tá siad róchasta, rud a chuireann le leibhéil dhifriúla na cosanta tomhaltóirí sa chleachtas agus le saofaí iomaíochta. Mar shampla, tá feidhm aige sin maidir leis an gcoincheap ‘pacáistí taistil láneagraithe ar líne idirnasctha’²⁰ agus maidir leis na forálacha um shocruithe taistil gaolmhara, cumhdach éileamh aisíocaíochta agus dearbhán leis an gcosaint ar dhócmhainneacht agus na rialacha maidir le cealúcháin i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha. Ina theannta sin, ní bhíonn na taistealaithe soiléir i gcónaí faoin ról a fheidhmíonn páirtithe difriúla (eagraithe, miondíoltóirí, agus soláthraithe seirbhíse), lena n-áirítear i ndáil le haisíocaíochtaí. Ar deireadh, baineann castachtaí le húsáid na bhfoirmeacha faisnéise caighdeánacha, agus d’fhéadfaidís a bheith níos áisiúla don úsáideoir.

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Rinne an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí agus spriocdhírith le páirtithe leasmhara. Bhí na comhairliúcháin chomh leathan agus ab fhéidir chun ionchur, fianaise agus mínithe a bhailiú faoi éilimh na gcatagóirí difriúla páirtithe leasmhara, (e.g. taistealaithe/tomhaltóirí, tionscnóirí turas, gníomhaireachtaí taistil as líne agus ar líne, iompróirí, údarais náisiúnta, cistí cosanta ar dhócmhainneacht, tomhaltóirí agus comhlachais ghnó, an lucht acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha). Díriodh na comhphléití le páirtithe leasmhara ar na trí chuspóir shonracha seo a leanas:

- Feabhas a chur ar chosaint réamhíocaíochtaí do thaistealaithe agus ar a gceart chun mear-aisíocaíocht a fháil ar íocaíochtaí a rinneadh cheana i gcás cealúchán, lena n-áirítear le linn géarchéim mhór, agus leachtacht na n-eagraithe pacáistí taistil láneagraithe á coinneáil ar bun (lena dtugtar aghaidh ar Fhadhb 1).
- An chosaint a thugtar do thaistealaithe ar dhócmhainneacht an eagraí a neartú, lena n-áirítear i gcás géarchéim mhór, agus cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach á háiritiú freisin (lena dtugtar aghaidh ar Fhadhb 2).
- Deimhneacht agus in-fhorfheidhmitheacht dhlíthiúil TLL a mhéadú trí fhorálacha áirithe na Teorach a shoiléiriú agus/nó a shimpliú a d’fhéadfaí a léirmhíniú ar bhealach difriúil nó a dtéann sé crua ar pháirtithe leasmhara iad a chur i bhfeidhm (lena dtugtar aghaidh ar Fhadhb 3).

Le linn an phróisis comhairliúcháin, a tosaíodh le foilsiú ghlao ar fhianaise i mí Lúnasa 2021 agus a lean ar aghaidh go dtí mí na Bealtaine 2023, d’úsáid an Coimisiún réimse modhanna agus foirmeacha comhairliúcháin. Áiríodh na nithe seo a leanas orthu:

¹⁸Tuarascáil ó chruinniú na Lárphointí Teagmhála an 10 Samhain 2022, <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/meetings/consult?lang=en&meetingId=45937&fromExpertGroups=true>

¹⁹Suirbhé spriocdhírith ar Údarás Náisiúnta Inniúil (Dócmhainneacht), freagraí ar C6, lena léirítear go bhfuil méadú tagtha ar phraghsanna na réiteach árachas- bhunaithe.

²⁰Sainítear an coincheap in Airteagal 3(2)(b)(v) mar a leanas: ‘comhcheangal de dhá chineál dhifriúla seirbhíse taistil ar a laghad chun críche an turais nó na saoire céanna, má [...] a cheannaítear ó thrádálaithe ar leithligh trí phróisis áirithe ar líne idirnasctha ina dtarchuirtear ainm, sonraí íocaíochta, agus seoladh ríomhphoist an taistealaí ón trádálaí lena dtugtar i gcrích an chéad chonradh chuig trádálaí nó trádálaithe eile agus ina dtugtar i gcrích conradh leis an dara trádálaí nó trádálaithe ar a dhéanaí 24 uair an chloig tar éis dheimhniú áirithe na chéad seirbhíse taistil.’

- A comhairliúchán maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta agus comhairliúchán oscailte poiblí 13 sheachtain inar lorgaíodh tuairimí ó na páirtithe leasmhara uile²¹.
 - Comhairliúcháin spriocdhírithe i measc páirtithe leasmhara difriúla (údaráis phoiblí, eagraíochtaí tomhaltóirí, comhlachais ghnó), den chuid is mó mar bhearta leantacha ar cheardlanna agus cruinnithe iolracha.
 - Ceardlanna téamacha spriocdhírithe ar líne, lena n-áirítear cruinnithe an tsainghrúpa páirtithe leasmhara chun tacú le cur i bhfeidhm an TTL²². Cuireadh ceistneoirí agus plépháipéir amach roimh ré chun ullmhú do na cruinnithe arna n-óstáil ag an gCoimisiún.
 - Ceardlanna ar líne arna n-eagrú ag sainchomhairleoir seachtrach arb éard ab aidhm dóibh rannpháirtithe a chur ar an eolas (comhlachais ghnó agus cuideachtaí aonair, lena n-áirítear cuideachtaí na hearnála taistil, eagraíochtaí tomhaltóirí agus Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí) maidir leis an dul chun cinn atá déanta sa staidéar agus faisnéis a bhailiú i bhformáid idirghníomhach faoi na príomhthorthaí.
 - Sna ceardlanna arna n-eagrú ag na páirtithe leasmhara (e.g. Comhlachas Eorpach na gCistí Ráthaíochta don Taisteal agus don Turasóireacht, Comhlachas Eorpach na nGníomhairí Taistil agus na dTionscnóirí Turas), tugadh an deis chun sonraí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara um chosaint ar dhócmhainneacht san earnáil taistil agus um réamhíocaíochtaí.
 - Suirbhéanna spriocdhírithe arna ndéanamh ag an sainchomhairleoir seachtrach chun faisnéis a bhailiú faoi thuairimí agus taithí páirtithe leasmhara a mhéid a bhaineann le treocheaí sa mhargadh taistil láneagraithe atá ann faoi láthair lena n-áirítear cearta cealúcháin, úsáid dearbhán agus aisíocaíochtaí. Bhí sé d'aidhm acu freisin príomhdhúshláin na reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, na bpríomhchostas agus na bpríomhthairbhí a shainaithint.
 - Agallaimh arna stiúradh ag an sainchomhairleoir seachtrach in dhá chéim lena mbaineann tacar agallamh scóipe agus agallaimh lánscála le páirtithe leasmhara.
 - Cruinnithe ar an leibhéal teicniúil nó polaitiúil. Tarraingíodh anuas an t-athbhreithniú ar TTL ar leibhéal polaitiúil freisin, go sonrach ag cruinnithe aireachta neamhfhoirmiúla le linn uachtaránachtaí difriúla na Comhairle.
 - Cruinnithe déthaobhacha ar líne le réimse leathan páirtithe leasmhara.
 - Páipéir sheasaimh ó chomhlachais tomhaltóirí, comhlachais ghnó agus údaráis náisiúnta.
 - Tuairim an Ardáin 'Réidh don Todhchaí' (F4F) an 22 Márta 2022²³. Ina thuairimsean maidir le TTL, shainaithin an tArdán F4F cúig fhadhb agus rinne cúig mholadh ghaolmhara.
- Léiríodh an méid seo a leanas san aiseolas ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin:

- Dheimhnigh mórán mór na bpáirtithe leasmhara gur bhain deacrachtaí móra do thaistealaithe ó gach Ballstát chun réamhíocaíochtaí a ghnóthú ar phacáistí láneagraithe a cuireadh ar ceal laistigh de 14 lá le linn phaindéim COVID-19. Mheas eagraíochtaí tomhaltóirí agus roinnt mhaith údaráis náisiúnta gur cheart an chosaint ar réamhíocaíochtaí a rinne taistealaithe a mhéadú.
- An tráth céanna, thug eagraithe achoimre ar na deacrachtaí a bhain le híocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe seirbhíse a fháil ar ais. Iarrann roinnt soláthraithe, go háirithe na haerlínte, íocaíocht iomlán roimh ré. Thug an chuid is mó gnólachtaí le fios go gcuirfidís

²¹ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13117-Package-travel-review-of-EU-rules_en

²² <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupId=3617&fromMeetings=true&meetingId=45600>

²³ https://commission.europa.eu/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof/fit-future-platform-f4f/adopted-opinions_en#adoptedopinions2022

fáilte roimh riail nua an Aontais ina gceanglófaí ar sholáthraithe seirbhíse eagraithe a aisíoc,, laistigh de thráthchlár sonrach, ar ghiorra ná 14 lá í.

- Mheas an chuid is mó de na heagraíochtaí tomhaltóirí agus na húdaráis phoiblí gur gineadh leibhéal cosanta níos airde sna córais dhifriúla dócmhainneachta ar fud an Aontais ar dhócmhainneacht eagraithe i roinnt Ballstát agus cosaint neamh- leordhóthanach do thaistealaithe i mBallstáit eile. Níor tugadh aon sampla coinchréiteach chun tacú leis an tuairim sin áfach.

- II roinnt Ballstát, tuairiscíodh go ndeachthas deacair ar eagraithe cosaint ar dhócmhainneacht a fháil chun réamhíocaíochtaí agus aisdúichiú a chumhdach. Tá sé sin amhlaidh de bharr réitigh árachais neamh- leordhóthanacha a bheith ar an margadh nó réitigh árachais gan a bheith arna dtairiscint ach ar phraghsanna ródhaora, go háirithe le linn géarchéime. Tá cleachtais dhifriúla ann freisin i dtaca le cumhdach na n- éileamh aisíoca agus na ndearbhán i gcás ina ndéantar pacáiste taistil láneagraithe a chealú sula n- éiríonn eagraí dócmhainneach.

- Chuaigh sé deacair ar an gcuid is mó páirtithe leasmhara TTL a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus forfheidhmiú na gcoincheap ‘pacáiste taistil láneagraithe ar líne idirnasctha’ agus socruithe taistil gaolmhara, oibleagáidí faisnéise áirithe a chur chun feidhme agus a fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh bonn cirt le Conradh taistil láneagraithe a chealú le himthosca dosheachanta agus urghnácha. Tháinig na deacrachtaí sin anuas le linn COVID- 19.

- D’iarr na heagraíochtaí tomhaltóirí níos mó soiléireachta faoin am ceart chun an Conradh a chealú de bharr ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ agus faoi ábharthacht, fianaise, agus luach dlíthiúil na rabhadh taistil oifigiúil. D’iarr an chuid is mó d’údarais náisiúnta inniúla soiléirithe maidir leis na rialacha lena rialaítear cealúcháin turas. Mheas taistealaithe agus gnólachtaí go ndéantar dochar d’éifeachtacht an tsainmhínithe ar ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ leis an easpa rialacha maidir le ‘rabhaidh thaistil’.

Chuir an Coimisiún an t- aiseolas uile san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige faoi na roghanna arbh fhearr leis. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na comhairliúcháin a fháil in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an Coimisiún Conradh le saineolaithe seachtracha chun staidéar a chur i gcrích ina mbaileofaí fianaise a úsáideadh mar bhonn taca faoin measúnú tionchair agus leis an togra seo a ullmhú. Ba é toradh an staidéir sin ‘Study to support the preparation of an evaluation of the Package Travel Directive back- to- back with an impact assessment on its potential revision’ [Staidéar chun tacú le meastóireacht ar an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe a ullmhú in éineacht le measúnú tionchair ar a hathbhreithniú féideartha]²⁴.

Tarraingíodh i measúnú an Choimisiúin ar an litríocht acadúil agus cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais freisin.

²⁴ Foilsiú le teacht.

- **Measúnú tionchair**

Pléadh an measúnú tionchair²⁵ leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 5 Iúil 2023. D'eisigh an Bord tuairim dhiúltach an 7 Iúil 2023, inar luadh nach raibh soiléireacht leormhaith sa tuarascáil maidir le scála na bhfadhbanna, na teipeanna margaidh faoina mbun agus cuspóirí sonracha an tionscnaimh, agus nach raibh an anailís ar an tionchar comhréireach le méid na faidhbe. Ina theannta sin, suíodh nár sainaithníodh ag tús na tuarascála gach comhcheangal ábhartha de na roghanna, agus nár cuireadh comparáid chomhsheasmhach ar na roghanna ar fáil inti. Dá thoradh sin, rinneadh an tuarascáil ar an measúnú tionchair a athdhréachtú go substaintiúil. Tugadh tuairisc níos fearr, agus rinneadh cainníochtú a mhéid is féidir, ar scála na bhfadhbanna, ar na teipeanna margaidh nó rialála faoina mbun agus ar chuspóirí sonracha an tionscnaimh seo. Tugadh tuairisc níos soiléire sa tuarascáil athbhreithnithe freisin ar gach rogha beartais, agus cuireadh i gcomparáid a chéile iad i dtéarmaí na héifeachtachta, na héifeachtúlachta, an chomhleanúnachais agus na comhréireachta. Rinneadh an anailís ar thionchar a threisiú ar roinnt bealaí, lena áiríodh trí chainníochtú na dtionchar féideartha a shíneadh agus trí anailísí breise maidir le híogaireacht a chur ar fáil. Tugadh breis sonraí sa tuarascáil freisin faoi na tionchair ar FBManna agus faoi na deiseanna chun costais a laghdú.

Cuireadh tuarascáil ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 6 Meán Fómhair 2023. An 28 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an Bord tuairim dhearfach maille le forchoimeádais²⁶, inar tugadh faoi deara nach raibh soiléireacht leormhaith sa tuarascáil maidir leis an tionchar foriomlán ar thomhaltóirí agus gur cheart an anailís cháilíochtúil a neartú chun an réasúnú leis an idirghabháil a léiriú níos fearr. Tá plé déanta ar fhorchoimeádais an Bhoird. Bainteach leis sin bhí tuairisciú níos suaithinsí agus níos cruinne ar na meastacháin bhonnlíne agus ar an tionchar foriomlán ar thomhaltóirí. Thairis sin, cuireadh feabhas breise ar an anailís cháilíochtúil chun an réasúnú leis an ngníomhaíocht a léiriú níos fearr. Ar deireadh, tugadh tuairisc níos mionsonraithe ar an tionchar féideartha ar an iomaíochas idirnáisiúnta.

Rinneadh scrúdú sa mheasúnú tionchair ar bhearta reachtacha éagsúla lena bhféadfaí, trí leasú ar TTL, dul i ngleic leis na fadhbanna arna sainaithint leis an aidhm chun cuspóirí an athbhreithnithe a bhaint amach. Rinneadh na bearta a ghrúpáil ina dtrí rogha beartais inar glacadh cuir chuige dhifriúla: réitigh níos solúbtha agus costais íosta (rogha A), bearta níos doichte (rogha B), nó éifeachtacht uasta le linn géarchéime ar chostais níos airde (rogha C).

Is é atá i Rogha A leasuithe spriocdhírthe a dhéanamh ar TTL d'fhonn í a shoiléiriú agus a shimpliú, agus í a chur ar bhonn níos éifeachtaí, le linn géarchéime san áireamh. Áirítear inti rialacha maidir le dearbháin dheonacha, ceart aisíoca gnólacht le gnólacht ina gcuirtear seirbhísí ar ceal agus teorainn sholúbtha maidir le héarlaisí suas go 25 %, ar féidir í a mhéadú i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht an phacáiste láneagraithe a áirithiú. Tá sé d'aidhm leis freisin an chosaint ar dhócmhainneacht a neartú, agus soiléiriú a thabhairt go bhfuil éilimh ar aisíocaíocht faoi chumhdach na cosanta ar dhócmhainneacht freisin. Ní chuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit léi áfach ciste cúltaca dócmhainneachta ná ciste géarchéime a cheapadh lena ráthófaí mear- aisíocaíochtaí do thaistealaithe i gcás géarchéim mhór.

²⁵ SWD(2023) 906, foilsiú le teacht.

²⁶ SEC(2023) 540, foilsiú le teacht.

Tá Rogha B comhdhéanta de bhearta níos doichte lena méadaítear na costais le haghaidh catagóirí difriúla páirtithe leasmhara (idir ghnólachtaí agus taistealaithe). Mar shampla, socraítear teorainn dhocht ar éarlaisí go 20 % léi le haghaidh eagraithe pacáistí taistil láneagraithe agus ar dhearbháin shainordaitheacha i gcás géarchéim mhór.

Le Rogha C, áirítear bearta a bhfuil sé d'aidhm leo an leibhéal cosanta tomhaltóirí is airde a bhaint amach i ndáil le haisíocaíochtaí le haghaidh pacáistí taistil láneagraithe a chuirtear ar ceal agus an chosaint ar dhócmhainneacht, go háirithe le linn géarchéim, ach ar chostais arda. Áirítear leis sin teorainn dhocht ar éarlaisí go 20 % le haghaidh eagraithe agus soláthraithe seirbhíse araon, agus ciste géarchéime a cheapadh go sainordaitheach.

Ar an bhforiomlán, is í Rogha A is fearr ó thaobh feidhmíochta de. Cé nach inti atá na bearta is éifeachtaí le haghaidh a thabhairt ar gach gné de na fadhbanna arna sainaithint, agus nach í an rogha uastach í ó thaobh na cosanta tomhaltóirí de, tugann sí tairbhí suntasacha do thaistealaithe agus gnólachtaí, lena n-áirítear i dtéarmaí na hullmhachta faoi chomhair géarchéim amach anseo, agus ar na costais is ísle. Is í Rogha A an ceann is éifeachtúla agus is comhleánúnaí as na trí rogha a ndearnadh measúnú orthu.

Dá thoradh sin, leis an rogha beartais ab fhearr chuirfí teorainn ar éarlaisí chuig 25 % de luach iomlán an phacáiste láneagraithe, rud a cheadódh don eagraí fuilleach na hísíocaíochta a éileamh 4 seachtaine roimh thús na saoire láneagraithe. Choinneodh eagraithe an tsolúbthacht áfach chun éarlaisí níos airde a iarraidh dá mbeadh bonn cirt leo de bharr an ghá réamhíocaíochtaí níos airde a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse nó chun costais eile a bhaineann go sonrach leis an eagrú agus le feidhmíocht an phacáiste láneagraithe a chumhdach a mhéid is gá na costais sin a chumhdach tráth na háirithinte²⁷. Ar an bhforiomlán, bheadh an t-ualach ar chuideachtaí fós teoranta, agus ní bheadh coinne ach le méaduithe beaga ar phraghsanna do thaistealaithe.

Ina theannta sin, thabharfaí isteach an ceart leis ar aisíocaíocht gnólacht le gnólacht i gcás nach bhfuil an tseirbhís ábhartha á cur ar fáil ann. Sa chás sin, bheadh an t-eagraí i dteideal aisíoc ar íocaíochtaí a dhéantar leis an soláthraí (na soláthraithe) seirbhíse, e.g. aerlínte agus óstáin, laistigh de 7 lá ó chur ar ceal nó neamh-chomhlíonadh na seirbhíse. D'fhéadfaí a chur ar chumas eagraithe leis sin aisíocaíochtaí a dhéanamh le taistealaithe laistigh den sprioc-am aisíoca 14 lá a shocraítear sa Treoir, agus a leachtacht á gcoinneáil ar bun. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse taistil seirbhís a chur ar ceal nó nach gcuireann sé ar fáil ar bhealach eile í, atá le fáil i bpacáiste taistil láneagraithe ach gur ann don chonradh taistil láneagraithe go fóill, ba cheart go gcuirfí ar chumas eagraithe an ceart ar aisíocaíocht laistigh de 7 lá socruithe malartacha a dhéanamh do na taistealaithe. Thairis sin, bheadh eagraithe in ann dearbháin a thairiscint mar mhalairt rogha ar aisíocaíocht, faoi réir ráthaíochtaí sonracha a chomhlíonadh a thugtar isteach atá i gcomhréir den chuid is mó le Moladh 2020 ón gCoimisiún.

Ar deireadh, d'fhéadfaí a shamhlú go ndéanadh na Ballstáit foráil maidir le sásraí lena n-áiritheofaí aisíocaíochtaí le taistealaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, mar shampla, i gcásanna ina gcuirtear pacáistí taistil láneagraithe ar ceal de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha agus i gcás nach féidir le heagraithe a n-oibleagáidí aisíoca a chomhlíonadh. I gcás ina dtugann na Ballstáit sásraí den sórt sin isteach nó ina gcoinníonn

²⁷Bheadh an beart sin i gcomhréir leis an gcleachtas atá i bhfeidhm sa Ghearmáin faoi láthair, ina gcuirtear teorainn ar éarlaisí, ar bhonn an chásdlí náisiúnta agus téarmaí conarthacha éagóracha, chuig éarlais 20 % tráth na háirithinte, agus an fuilleach ag éirí dlite tráth nach déanaí ná 30 lá roimh thús an turais. Mar eisceacht leis an riail ghinearálta sin, is féidir le héalrais a bheith níos airde ná 20 % in imthosca i gcás ina dtugann an t-eagraí údar cuí leis, de bharr caiteachais atá i láthair tráth thabhairt i gcrích an chonartha.

siad ar bun iad, ceanglófar orthu an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile a chur ar an eolas faoi na sásraí sin. Is gnách go gcistítear sásraí den sórt sin go heisiach le ranníocaíochtaí ó eagraithe. Is in imthosca eisceachtúla amháin ar féidir sásraí den sórt sin a chómhaoiniú ag na Ballstáit, agus go bhfuil a dtabhairt isteach gan dochar d'fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair. Bheadh an fhoráil sin neodrach ó thaobh costais de san fhadtearma. Ar an bhforiomlán, cuirfear feabhas leis na bearta sin ar chosaint tomhaltóirí ar chostais nach bhfuil ach fíor- teoranta do ghnólachtaí (eagraithe taistil láneagraithe agus soláthraithe seirbhíse).

Le cosaint níos fearr a thabhairt do thaistealaithe ar dhócmhainneacht eagraithe, is é is aidhm don togra rialacha dócmhainneachta TTL a neartú. Leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh ag déanamh cinntí dóibh féin faoin gcaoi is fearr chun córas cosanta éifeachtach ar dhócmhainneacht a chur chun feidhme, ach tá sonraíochtaí breise le fáil sa togra. Ceanglófar ar na Ballstáit maoirsiú a dhéanamh ar shocruithe cosanta ar dhócmhainneacht na n- eagraithe agus faireachán a dhéanamh ar an margadh do sholáthar na cosanta ar dhócmhainneacht, agus, más gá, is féidir go mbeidh an dara leibhéal cosanta de dhíth orthu, amhail ciste cúltaca. Óir éilítear leibhéal áirithe cosanta ar dhócmhainneacht in TTL cheana féin, agus óir nach sonrófaí leis an rogha beartais ab fhearr ach amháin conas an cuspóir sin a bhaint amach, ní dócha go dtiocfaidh méadú ar chostais leis an tsonraíocht seo. Leis an togra seo tugtar soiléiriú breise go gcumhdaítear leis na dearbháin a mholtar in ionad aisíocaíochta, agus na héilimh ar aisíocaíocht gan íoc, le cosaint ar dhócmhainneacht. Dá bhrí sin, is féidir sa chleachtas go dtiocfaidh costais cosanta ar dhócmhainneacht ábhairín méadaithe dá thoradh le haghaidh cuideachtaí sna Ballstáit úd nach bhfuil dearbháin agus éilimh ar aisíocaíocht faoi chumhdach na cosanta ar dhócmhainneacht iontu faoi láthair. Is féidir go gcuirfear na méaduithe sin ar chostais ar aghaidh do thaistealaithe. An tráth céanna, rachaidh an beart seo chun tairbhe eagraithe sa mhéid go n- éireoidh dearbháin níos mealltaí do thaistealaithe. Ar an bhforiomlán, is dócha go mbeidh aon mhéadú ar chostais dá thoradh sin teoranta.

Ar deireadh, scriostar leis an togra cineál amháin socruithe taistil gaolmhara (LTAnna de chineál (a)) agus trí fhoirm faisnéise ó TTL. Leasófaí leis an sainmhíniú ar an bpacáiste taistil láneagraithe ar líne idirnasctha agus ar phacáiste láneagraithe díolphointe amháin. Thabharfaí simpliú leis sin ar rialacha níos soiléire, níos in-fhorfheidhmithe, agus faisnéis níos soiléire do thaistealaithe, arna iarraidh sin ag roinnt mhaith páirtithe leasmhara, agus an leibhéal cosanta do thomhaltóirí atá ann faoi láthair a mhéadú an tráth céanna. Léireofaí leis gur gné thábhachtach iad na rabhaidh oifigiúla taistil agus cinneadh á dhéanamh nach féidir taisteal láneagraithe a dhéanamh de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha, agus ba cheart prionsabal an mheasúnaithe cás ar chás a choinneáil ar bun. Táthar ag beartú a shonrú freisin gur féidir imthosca sa tír imeachta, tír chónaithe agus tír cinn scríbe a chur san áireamh agus measúnú a dhéanamh ar an gceart do thaistealaithe taisteal láneagraithe a chur ar ceal de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha. Ar deireadh, soiléireofar leis an togra ról na ngníomhaithe difriúla, ach fanfaidh an oibleagáid dhlíthiúil chun réamhíocaíochtaí a aisíoc leis an eagraí. Tabharfar soiléireacht níos mó leis na hathruithe sin do thaistealaithe agus eagraithe pacáistí taistil láneagraithe araon, agus ba cheart go laghdófaí leo sin na costais riaracháin do ghnólachtaí agus an díobháil do thomhaltóirí.

Faoin rogha beartais ab fhearr, tairbheoidh tomhaltóirí den fhíoras go laghdófar le rialacha simplithe agus soiléirithe na deiseanna ar imchéimniú agus go soiléireofar an fhaisnéis atá ar fáil do thaistealaithe, óna dtiocfaidh níos lú díospóidí dlí, agus déanfar am, costais agus iarrachtaí a choigilt do gach páirtí leasmhar dá réir. Mar mhalairt ar na tairbhí sin do thaistealaithe, tá coinne leis go mbeidh méadú beag ar phraghsanna pacáistí taistil láneagraithe (i.e. 0,3 %), óir tá coinne leis go gcuirfidh eagraithe (agus soláthraithe seirbhíse)

ar aghaidh aon mhéadú ar chostais do thomhaltóirí. Mar sin féin, is diomaibhseach dá bhrí sin an méadú beag sin ar phraghsanna i gcomparáid le tosca eile, lena n-áirítear an boilsciú fíor-ard a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuid is mó de gheilleagair, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, le 2 bhliain anuas. Ina theannta sin, tá fianaise ann le déanaí ó shuirbhé UK ATOL ar athchóirithe²⁸ agus ó aiseolas ó eagraíochtaí tomhaltóirí an Aontais^{29,30} rud a léiríonn gur fearr le taistealaithe uaireanta i bhfad níos mó a íoc le cosaint níos airde a bheith acu. Dá bhrí sin, níl coinne leis go dtiocfaidh aon laghdú ar thomhailt pacáistí taistil láneagraithe ag taistealaithe ó na bearta sa rogha beartais ab fhearr.³¹ Ar an bhforiomlán, de thoradh na rogha beartais ab fhearr, beidh tomhaltóirí níos fearr as faoin *status quo*.

I dtéarmaí na dtionchar comhshaoil, féadfaidh méaduithe beaga ar phraghsanna le haghaidh pacáistí taistil láneagraithe teacht ó roinnt de na bearta beartais. D'fhéadfadh díol níos lú pacáistí taistil láneagraithe teacht de thoradh ar mhéaduithe ar phraghsanna. Ní dócha áfach go dtiocfaidh laghdú ar an taisteal foriomlán a d'fhéadfaí a nascadh go díreach le hathruithe ar an Treoir, agus chuig lorg carbóin níos ísle san earnáil taistil dá réir, óir féadfaidh tomhaltóirí casadh go díreach ar sheirbhísí neamhspleácha. Níl coinne leis go dtiocfaidh méadú ar lorg carbóin an taistil de thoradh na mbeart beartais atá beartaithe ach an oiread, agus níl coinne leis dá bhrí sin go mbeidh tionchar comhshaoil suntasach acu. Dá bhrí sin, tá an togra comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Dlí Aeráide Eorpaigh³² agus leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'³³.

Tá coinne leis go mbeidh tionchar neodrach ag na hathruithe beartais atá beartaithe ar an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'. I dtéarmaí tionchair shóisialta, aon tionchar ar chosaint tomhaltóirí, iontaoibh tomhaltóirí agus dáileadh ioncaim; tá siad curtha san áireamh sna tionchair eacnamaíocha ar thaistealaithe agus gnólachtaí.

• Oiriúnacht rialála agus simpliú

Thiocfadh tairbhí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí taistil araon ón athbhreithniú ar an Treoir. Thiocfadh roinnt costas dá bharr freisin le haghaidh gnólachtaí, a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh chuig taistealaithe. Tá coinne leis, áfach go laghdófar an t-ualach ar ghnólachtaí leis freisin, go háirithe de thoradh ar shoiléireacht dhlíthiúil agus simpliú níos mó. Ina theannta sin, tá roinnt Ballstát tar éis roinnt de na bearta a ghlacadh cheana féin óna bhféadfadh méaduithe measartha teacht ar chostas. Dá dheasca sin, sna Ballstáit úd, ní bheadh costais bhreise os comhair gnólachtaí.

A mhéid a bhaineann leis an ualach ar riaracháin phoiblí a laghdú, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an leibhéal comhlíontachta agus go n-éireodh an forfheidhmiú níos éifeachtúla de

²⁸ https://consultations.caa.co.uk/corporate-communications/atol-reform-request-for-further-information/user_uploads/atol-reform-request-for-further-information--cap2496-.pdf

²⁹ Freagraí ó BEUC, VZV agus DECO ar C1 den OPC.

³⁰ Seasamh páipéir BEUC, lch. 11, https://www.beuc.eu/sites/default/files/publications/beuc-x-2021-115_package_travel_directive_beuc_s_views_on_how_to_regain_consumer_trust_in_the_tourism_sector.pdf

³¹ Tabharfar d'aire, áfach, i bhfianaise an leaisteachais ard ar phraghsanna sna seirbhísí taistil, nach féidir tionchar áirithe ar dhíolacháin le taistealaithe ar chostas íseal a eisiamh go hiomlán. Féach freisin Iarscríbhinn 8.

³² Rialachán (AE) 2021/1119

³³ ciallaíonn an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' gan tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ná gan iad a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad lena ndéantar dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil, faoi mar a thagraítear dó, i gcás inarb ábhartha, de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

thoradh an mhéid níos airde soiléireachta dlíthiúla agus an chreata rialála shimplithe. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit dea- chleachtais a shainaithint trí scrúdú a dhéanamh ar na Ballstáit eile a bhfuil na bearta curtha chun feidhme acu a chuirtear i láthair mar bhearta deonacha faoin rogha beartais ab fhearr.

De réir na meastóireachta, in 2019, bhí thart ar 99 % d'eagraithe san Aontas ina FBManna. Is FBManna iad 96 % de na cuideachtaí a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí, ar micreachuideachtaí iad a bhformhór. I bhfianaise ionadaíocht láidir na FBManna agus na micrifhiontar san earnáil, léirítear freisin leis na tionchair theoranta ar chostais le haghaidh gach gnólachta cás na FBManna agus na micrifhiontar. Tairbheoidh na FBManna agus na micrifhiontair de bhearta áirithe, mar shampla, an ceart aisíoca nua gnólacht le gnólacht agus an fhéidearthacht dearbháin a thairiscint do thaistealaithe in ionad aisíocaíochtaí, ar an mbealach céanna le cuideachtaí níos mó. Dá bhrí sin, ní bheadh sé réasúnach micrifhiontair a dhíolmhú ná chun idirthréimhsí a mholadh. Chuir an Coimisiún tuairimí agus sainiúlachtaí na micrifhiontar san áireamh agus na bearta a áiríodh san athbhreithniú ar an Treoir á ndearadh.

Tá méadú tagtha ar úsáid na gcainéal ar líne le conarthaí taistil láneagraithe a thabhairt i gcrích le blianta beaga anuas. Cuireadh an treocht sin san áireamh cheana féin san athbhreithniú in 2015 ar TTL roimhe seo. Cé go bhféadfadh forálacha áirithe, e.g. maidir le socruithe taistil gaolmhara agus athruithe féideartha orthu, a bheith ábhartha do dhíolacháin ar líne, níl coinne leis go mbeidh aon tionchar suntasach ag na bearta beartais a ndearnadh measúnú orthu ar an digiteáil. Dá dheasca sin, tá coinne leis go mbeidh tionchar neodrach ag an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir ar chur i bhfeidhm an phrionsabail 'digiteach mar réamhshocrú'.

- **Ceartha bunúsacha**

Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tugtar cosaint do réimse leathan ceart i limistéar an dlí tomhaltóirí agus an mhargaidh inmheánaigh.

Ní bheidh éifeacht dhiúltach ag an Treoir atá beartaithe ar aon cheart bunúsach, ná ní chuirfidh sí teorainn leo. Leis na tionchair dhearfacha ó fheabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in earnáil an taistil láneagraithe is dócha go gcuirfear ar chumas tuilleadh saoránach den Aontas Eorpach a gcearta a fheidhmiú faoi choinníollacha níos soiléire. Ina theannta sin, tá coinne leis go ndéanfaidh TTL athbhreithnithe saorghluaiseacht saoránach a éascú laistigh den Aontas Eorpach, ar fud an Aontais, agus lasmuigh de, trí reachtaíocht níos simplí agus níos soiléire i ndáil le seirbhísí taistil láneagraithe agus ceartha níos láidre ag taistealaithe a mhéid a bhaineann le haisíocaíochtaí i gcás dhócmhainneacht eagraí nó le linn roinnt tréimhsí géarchéime eisceachtúla. Tá coinne leis freisin go mbeidh tionchar dearfach ag na simplithe agus an fhaisnéis fheabhsaithe do thaistealaithe ar dhaoine faoi mhíchumas.

Cé gur féidir go gcuirfear méadú leis an athbhreithniú atá beartaithe ar chostais idirbheart do roinnt gnólachtaí, laghdófar roinnt costas leis freisin, a bhuí leis an simpliú agus an deimhneacht dhlíthiúil a thabharfar isteach leis an athbhreithniú. Tá coinne leis go mbeidh iomaíocht níos cothroime ann le tuilleadh comhchuibhithe, agus go n- éascófar forbairt na trádála agus/nó na seirbhísí trasteorann laistigh den Aontas Eorpach don taisteal láneagraithe.

Ar an bhforiomlán, féachtar leis an gcomhcheangal beart beartais atá le fáil sa Treoir atá molta le cothroime a bhaint amach idir cearta tomhaltóirí agus an ceart chun gnó a dhéanamh san earnáil taistil láneagraithe.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éilíonn an togra seo acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasú 18 mí i ndiaidh di teacht i bhfeidhm agus na bearta trasuite náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún trí mheán Themis. Tá an Coimisiún réidh le tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun an Treoir a chur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach 5 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm agus molfaidh sé, más gá, leasuithe reachtacha. Déanfaidh sé faireachán ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach le sraith príomhtháscairí a rianú (atá liostaithe sa tuarascáil ar an measúnú tionchair). Déanfar an creat faireacháin a choigeartú i gcomhréir leis na ceanglais deiridh dlí agus cur chun feidhme.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear le hAirteagal 1 den togra seo Treoir (AE) 2015/2302 mar a leanas.

Airteagal 3(2) (Pacáiste): Déantar an sainiú ar phacáiste a oiriúnú chun a léiriú, ar cheannach seirbhísí ó thrádálaithe ar leithligh trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha, go meastar iad a bheith ina bpacáiste nuair a aistrítear mionsonraí pearsanta an taistealaí ó thrádálaí amháin go chéile. Áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna ag díolphointe amháin laistigh de thréimhse ghairid ama, meastar iad a bheith ina bpacáistí ar an gcaoi chéanna a mheastar áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna ag díolphointe amháin i gcás ina roghnaítear na seirbhísí sula dtugann an taistealaí an chéad chonradh i gcrích. Leis an méid sin, seachnaítear an forluí atá ann faoi láthair sna sainithe ar phacáiste agus socrú taistil gaolmhar mar a shainmhínítear in Airteagal 3(5)(a). Dá réir sin, scriostar Airteagal 3(5)(a). Soiléirítear leis an Treoir athbhreithnithe freisin nach pacáiste atá i gcomhcheangal de chineál amháin nó níos mó seirbhísí atá bainteach leis an iompar, cóiríocht nó fruiliú gluaisteán le seirbhís turasóireachta amháin nó níos mó nach bhfreagraíonn do níos mó ná 25 % de luach an chomhcheangail, agus nach ndéantar iad a fhógairt mar ghné fhíor- riachtanach den chomhcheangal, ná nach ionann iad agus gné fhíor- riachtanach de. Tagraítear leis an tagairt do 25 % d'aithris 18 den Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair agus cuirtear in ionad na foclaíochta 'cion suntasach' í.

Airteagal 3(5) (Socrú Taistil Gaolmhar): Déantar an sainmhíniú a shimpliú agus a shoiléiriú.

Leasaítear *Airteagal 5(1)* lena shonrú gur sainordaitheach í an fhaisnéis maidir le ceart an taistealaí chun an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha anuas ar cheart cealúcháin in aghaidh táille foirceanta.

Airteagal 5a nua (Íocaíochtaí): Cuirtear airteagal nua isteach maidir le híocaíochtaí. Déantar foráil san airteagal sin, i bprionsabal, nach féidir réamhíocaíochtaí a bheith níos mó ná 25 % de phraghas an phacáiste agus nach bhféadfaidh na híocaíochtaí gan íoc a bheith dlite níos luaithe ná 28 lá roimh thús an phacáiste. Féadfar réamhíocaíochtaí níos airde a iarraidh áfach i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht an phacáiste a áirithiú. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 5a maidir le pacáistí a chuirtear in áirithe níos lú ná 28 lá roimh thús an phacáiste agus le haghaidh boscaí bronnatais taistil.

Airteagal 7(2) (Inneachar an chonartha taistil láneagraithe agus na doiciméid atá le cur ar fáil roimh thús an phacáiste): Ní mór a shonrú sa chonradh anois gurb é an t-eagraí an páirtí atá freagrach as aisíocaíochtaí, agus gur féidir le taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis na heagraithe trí mheán an mhiondíoltóra, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla. Anuas air sin, cuireann sé leis gur cheart foirm na faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir a chur i gceangal leis an gconradh taistil láneagraithe sa chaoi go mbeidh sí fós inrochtana go héasca do thaistealaithe tar éis na céime réamhchonarthaí.

Airteagal 12(2) (Foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe agus an ceart chun tarraingt siar roimh thús an phacáiste): Tá sonraíochtaí breise san fhoclaíocht nua den mhír seo maidir le conradh a fhoirceannadh de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha chun an ceart cealúcháin sin a shoiléiriú. Leis an bhfoclaíocht nua soiléirítear go mbeidh feidhm ag an gceart sin i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha ag ceann scríbe an taistil nó ina gharchomharsanacht nó a dhéanann difear don turas chuig an gceann scríbe, ach freisin ag na háiteanna cónaithe nó imeachta, rud a dhéanann difear suntasach i ngach cás d'fheidhmíocht an taistil láneagraithe. Soiléirítear leis an bhfoclaíocht nua freisin gur féidir conarthaí a fhoirceannadh i gcás ina bhfuil coinne réasúnta leis go ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach d'fheidhmíocht an chonartha taistil láneagraithe.

Airteagal 12(3a) nua: Cuirtear mír nua leis chun soiléiriú a thabhairt gur gnéithe tábhachtacha iad rabhaidh oifigiúla thaistil nó srianta géara lena gcumhdaítear ceann scríbe taistil nó tar éis fillleadh uaidh sin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil imthosca dosheachanta agus urghnácha tar éis tarlú agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad difear d'fheidhmíocht pacáiste.

Airteagal 12(4): Leasaítear an mhír seo le soiléiriú a thabhairt go bhfuil sé d'oibleagáid ar an eagraí an taistealaí a aisíoc i gcás fhoirceannadh an chonartha faoi Airteagail 12(2) nó 12(3), gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí go sonrach aisíocaíocht a fháil. Ina theannta sin, déantar foráil le fomhír nua, i gcás ina dtugann na Ballstáit sásraí nua isteach nó ina gcoinníonn siad ar bun iad a bhfuil sé d'aidhm acu go ndéantar aisíocaíochtaí le taistealaithe de bhun Airteagal 12(4), nach foláir dóibh an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile a chur ar an eolas faoi na forálacha ábhartha. Aon chómhaoiniú do shásraí den sórt sin ag Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí- réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.

Airteagal 12a nua (Dearbháin): Cuirtear airteagal nua isteach maidir le dearbháin. Sonraítear leis ar fhoirceannadh conartha, go bhféadfaidh eagraithe dearbháin a eisiúint do thaistealaithe in ionad aisíocaíochta i bhfoirm airgid, ach nach mór an taistealaí ar a chur ar an eolas sula nglacfaí iad, nach bhfuil sé faoi aon cheangal glacadh leis an dearbhán. Ba cheart dearbháin den sórt sin a bheith bailí go ceann 12 mhí agus féadfar síneadh a chur lena bhfad uair amháin má fhorhmeasann an dá pháirtí amhlaidh. Ní mór dá luach a bheith comhionann ar a laghad le

méid na haisíocaíochta. Ní mór dóibh a bheith inaistrithe agus faoi chumhdach cosanta ar dhócmhainneacht.

Is é is aidhm don téacs nua atá beartaithe do Airteagal 17 an chosaint ar dhócmhainneacht a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos aonfhoirmí san Aontas Eorpach trí roinnt soiléirithe agus sonraíochtaí a chur leis, a n- eascraíonn roinnt díobh ó aithrisí de Threoir (AE) 2015/2302. Tá roinnt míreanna d'Airteagal 17 fós gan athrú.

Airteagal 17(1) (Éifeachtacht agus raon feidhme na cosanta ar dhócmhainneacht): Sa chéad fhomhír de mhír 17(1) soiléirítear go bhfuil éilimh ar aisíocaíocht agus dearbháin faoi chumhdach na cosanta ar dhócmhainneacht freisin.

Leasaítear *Airteagal 17(2)* chun a léiriú gur cheart an t- urrús a bheith leordhóthanach le costais ar aisíocaíochtaí agus aisdúichithe a chumhdach i gcásanna ina dtarlaíonn dócmhainneacht tráth a bhíonn eagraí i seilbh na suimeanna is airde i mbliain ghnó agus gur cheart a chur san áireamh leis an urrús athruithe ar líon na bpacáistí a dhíoltar agus ar líon na n- aisdúichithe riachtanacha atá le cumhdach i gcomparáid leis an líon ionchais.

Airteagal 17(3): Sonraítear ann go ndéanann na Ballstáit maoirsiú ar shocruithe cosanta ar dhócmhainneacht na n- eagraithe, faireachán ar an bhforáil maidir le cosaint ar dhócmhainneacht, agus gur féidir go mbeidh an dara leibhéal cosanta de dhíth orthu, amhail ciste cúltaca. Aon chómhaoiniú do shásraí den sórt sin ag na Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí- réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.

Airteagal 17(6): Áirítear ar an bhfoclaíocht nua don mhír seo sprioc- am níos sonraí le haghaidh aisíocaíochtaí i gcás pacáiste a chur ar ceal de thoradh dócmhainneachta, i dteannta an chritéir ghinearálta ‘gan moill mhíchuí’. Beidh an tréimhse sin 3 mhí tar éis don taistealaí na doiciméid a chur isteach a bhfuil gá leo chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh.

Airteagal 17(7) nua: Cuirtear mír 6 nua isteach ina gceadaítear do na Ballstáit ceangal a chur ar mhiondíoltóirí cosaint ar dhócmhainneacht a fháil, i gcás ina bhfuil bonn cirt léi i bhfianaise neamhchosaint ar riosca na dtaistealaithe, rud a léiríonn an fhoclaíocht in aithris 41 de Threoir (AE) 2015/2302.

Airteagal 18(2) (Aitheantas frithpháirteach don chosaint ar dhócmhainneacht agus don chomhar riaracháin): Leasaítear an mhír seo lena shoiléiriú gur cheart do na lárphointí teagmhála sna Ballstáit faisnéis a mhalartú freisin maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus ceisteanna gaolmhara, lena n- áirítear aisíocaíochtaí ar chonarthaí foirceanta taistil láneagraithe.

Airteagal 19 (Cosaint ar dhócmhainneacht cumhdach agus ceanglais faisnéise le haghaidh socruithe taistil gaolmhara): Leasaítear an t- airteagal seo chun coincheap simplithe na socruithe taistil gaolmhara a léiriú.

Airteagal 22 (Ceart chun sásaimh agus aisíocaíochtaí ó sholáthraithe seirbhíse le heagraithe): Cuirtear mír nua leis ina sonraítear i gcás ina gcuireann soláthraithe seirbhíse seirbhís ar ceal nó mura soláthraíonn siad an tseirbhís sin atá ina cuid den phacáiste, go mbeidh oibleagáid orthu na híocaíochtaí a fuarthas as an tseirbhís ábhartha a aisíoc leis an eagraí laistigh de 7 lá.

Ionadaítear *Iarscibhinn I* a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302 chun faisnéis níos soiléire a chur ar fáil do thaistealaithe maidir lena gcearta.

Ionadaítear *Iarscibhinn II* a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302 chun an simpliú maidir le coincheap an tsocraithe taistil ghaolmhair a chur san áireamh agus chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an choincheapa sin.

Le hAirteagal 2 den togra seo déantar foráil, 5 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm, nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus an tionchar ar FBManna á chur san áireamh. Leagtar amach le hAirteagal 3 den togra seo nach mór don Bhallstát an Treoir leasaitheach a thrasú laistigh de 18 mí óna teacht i bhfeidhm. Thiocfadh an Treoir leasaitheach i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe san Iris Oifigiúil. Cheanglófaí ar na Ballstáit tosú ar an Treoir a chur chun feidhme 6 mhí tar éis dháta a trasuite.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ rinneadh nuachóiriú ar an gcreat dlíthiúil don taisteal lánegraithe i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus sa teicneolaíocht. Is é ab aidhm don Treoir sin bealaí nua chun seirbhísí taistil a chur in áirithe a bhí tagtha chun cinn a chumhdach, lena n-áirítear comhcheangail shaincheaptha de sheirbhísí taistil, nár cumhdaíodh le Treoir 90/314/CEE ón gComhairle⁴ nó a bhí ina réimse éiginnte ó thaobh an dlí de, agus neartaíodh gnéithe difriúla de chearta taistealaithe léi. An tráth céanna, bhí sé d'aidhm aici iomaíocht níos cothroime a áirithiú idir na cineálacha difriúla gnólachtaí taistil a bhí gníomhach sa mhargadh taistil lánegraithe.
- (2) Chun na cuspóirí sin a shaothrú, leathnaíodh le Treoir (AE) 2015/2302 an sainmhíniú ar an téarma ‘pacáiste’ i gcomparáid le Treoir 90/314/CEE. Rinneadh sonrú breise i dTreoir (AE) 2015/2302 ar chearta taistealaithe atá ann cheana agus tugadh cearta nua

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal lánegraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1).

⁴ Treoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal lánegraithe, saoire lánegraithe agus turais lánegraithe (IO L 158, 23.6.1990, lch. 59).

isteach léi, amhail an ceart do thaistealaithe conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táillí foirceanta, de réir coinníollacha áirithe, i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha. Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2015/2302 cruthaíodh an coincheap nua den ‘socrú taistil gaolmhar’ lenar cuimsíodh áirithintí a rinneadh ag díolphointe amháin agus áirithintí ag díolphointí difriúla a dhéanann trádálaí ‘a éascú ar bhealach spriocdhírithe’. Caitear le socruithe taistil gaolmhara ar nós seirbhísí neamhspleácha den chuid is mó, ach tabharfar cosaint d’íocaíochtaí a fhaigheann trádálaí a éascaíonn socrú taistil gaolmhar in aghaidh dhócmhainneacht an trádálaí sin. Is é ab aidhm do Threoir (AE) 2015/2302 an trédhearcacht a áirithiú trí cheangal a chur ar thrádálaithe taistealaithe a chur ar an eolas faoi chineál an táirge taistil arna thairiscint dóibh agus faoi na cearta comhbhainteacha trí fhoirmeacha faisnéise caighdeánacha atá le fáil in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir sin.

- (3) Cé go bhfuil Treoir (AE) 2015/2302 tar éis oibriú go maith ar an bhforiomlán, tháinig roinnt dúshlán anuas ó thús a cur i bhfeidhm an 1 Iúil 2018. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID- 19 agus bearta rialtais gaolmhara ar an tionscal taistil agus ar thaistealaithe araon, agus nocht sí laigí áirithe leis sna samhlacha gnó a bhí i réim agus léirigh sí go bhféadfaí forálacha sonracha na Treorach a shoiléiriú.
- (4) Dá bhrí sin, is gá na bearnaí a sainaithníodh sna rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a dhruidim, chomh maith le soiléiriú agus simpliú a dhéanamh ar choincheapa agus forálacha áirithe, agus feabhas a chur dá réir sin ar éifeachtacht Threoir (AE) 2015/2302 chun tairbhe taistealaithe agus gnólachtaí taistil, a bhfuil líon mór micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ina measc.
- (5) Cé go meastar an sainmhíniú ar ‘phacáiste’ a bheith éifeachtach ar an bhforiomlán, ba cheart a sainmhíniú ar shocruithe taistil gaolmhara agus na rialacha maidir leo, chomh maith lena dteorannú ó phacáistí, a shoiléiriú agus a shimpliú. Leis an soiléiriú agus an simpliú sin ar na sainmhínithe agus na coincheapa ‘pacáiste’ agus ‘socruithe taistil gaolmhara’ ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do gach páirtí, agus cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cothroime iomaíochta a áirithiú do thrádálaithe. An tráth céanna, ba cheart an líon foirmeacha faisnéise atá le húsáid ag trádálaithe agus taistealaithe á gcur ar an eolas i dtaobh a gceart a laghdú.
- (6) Ba cheart don phrionsabal faoi bhun an tsainmhínithe ar ‘phacáiste’ a bheith mar an gcéanna, go bhfuil dlúthnasc ann idir seirbhísí taistil difriúla a chuirtear in áirithe chun críocha an turais nó na saoire céanna. Chun a áirithiú nach mbeidh aon fhorluí ann idir an sainmhíniú ar ‘taisteal láneagraithe’ agus ‘socrú taistil cuidithe’ agus chun na deacrachtaí a bhaint d’idirdhealú a dhéanamh idir taisteal láneagraithe agus socruithe taistil cuidithe, ba cheart áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó don tsaoire chéanna ag díolphointe amháin ina roghnaítear na seirbhísí taistil sula dtugann an taistealaí an chéad chonradh i gcrích a mheas mar thaisteal láneagraithe ar an gcaoi chéanna le seirbhísí taistil arna gcur in áirithe ag díolphointe amháin laistigh de thréimhse ghairid. Sa dá chás, tá dlúthnasc ann idir áirithintí na seirbhísí taistil. Dá bhrí sin, ba cheart an dá chás a chumhdach leis an sainmhíniú ar ‘phacáiste’, agus ba cheart na háirithintí a dhéantar ar chuairt shingil nó ar theagmháil le díolphointe amháin a bhaint ón sainmhíniú ar shocrú taistil gaolmhar.
- (7) I gcomhthéacs áirithintí a dhéantar laistigh de thréimhse ghairid ag díolphointe amháin, is beart iomchuí é an critéar cuibheasach éiginnte de ‘cuairt nó teagmháil shingil’ a ionadú. Dá bhrí sin, ba cheart áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna a dhéantar laistigh de 3 uair an chloig a mheas ina bpacáistí i gcónaí. Ba cheart go mbeadh feidhm leis an méid céanna, i gcás ina

n- iarrann trádálaí ar thaistealaí, roimh chur i gcrích na chéad áirithinte, seirbhísí breise a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna tar éis an chéad áirithint a chur i gcrích, agus i gcás ina dtarlaíonn áirithintí ina dhiaidh sin laistigh de 24 uair an chloig tar éis thabhairt i gcrích an chéad chonartha.

- (8) An sainmhíniú ar phacáiste a chuirtear le chéile trí phróisís áirithinte ar líne idirnasctha in Airteagal 3(2)(b)(v) de Threoir (AE) 2015/2302, inar ghá ainm, sonraí íocaíochta agus seoladh ríomhphoist an taistealaí a tharchur ó thrádálaí amháin go trádálaí eile, tá cruthúnas ann gur sainmhíniú róchúng é. Dá bhrí sin, is beart iomchuí é áirithintí a mheas mar ‘phacáiste’ ar áirithintí de chineálacha difriúla seirbhísí taistil don turas nó saoire chéanna iad ina n- aistríonn an trádálaí is páirtí sa chéad chonradh ceachtar d’ainm, sonraí íocaíochta, seoladh ríomhphoist an taistealaí nó aon sonraí pearsanta eile de chuid an taistealaí chuig trádálaí is páirtí sa dara conradh nó i gconradh breise. Le haistriú sonraí pearsanta den sórt sin léirítear dlúthnasc idir na háirithintí/conarthaí sa mhéid gur féidir déanamh d’uireasa an chritéir maidir le 24 uair an chloig don dara háirithint agus gur cheart é a bhaint.
- (9) Leis an sainmhíniú ar ‘shocrú taistil gaolmhar’ ba cheart cásanna ina n- iarrann trádálaí is páirtí sa chéad chonradh agus a fhaigheann íocaíochtaí ón taistealaí nó ar a shonsan ar thaistealaí chun cineálacha breise seirbhísí taistil a chur in áirithe don turas nó saoire chéanna. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don trádálaí is páirtí sa chéad chonradh cosaint ar dhócmhainneacht a fháil. Thairis sin, chun a áirithiú go lántairbhíonn roinnt taistealaithe de na rialacha maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus go mbeidh a fhios ag trádálaithe go bhfuil siad faoi réir na hoibleagáide sin, is beart iomchuí é go moltar do thaistealaithe sna foirmeacha faisnéise um shocruithe taistil gaolmhara an iarraidh agus an áirithint bhreise a thaifeadadh, mar shampla trí sheatanna scáileáin, agus leis an trádálaí a chur ar an eolas lenar cuireadh i gcrích an chéad chonradh go bhfuil conradh maidir le cineál breise seirbhíse taistil tugtha i gcrích don turas nó saoire chéanna laistigh de 24 uair an chloig tar éis don trádálaí an méid sin a iarraidh. Cheanglófaí ar an trádálaí saoráid a chur ar fáil do thaistealaithe, amhail seoladh ríomhphoist nó suíomh gréasáin, ina bhféadann taistealaithe faisnéis den sórt sin a chlárú agus ina dtabharfaidh siad admháil go bhfuil an fhaisnéis sin faighte acu.
- (10) A mhéid a bhaineann le pacáistí, ina gcuirtear an chóiríocht mar shampla i gceangal le seirbhísí turasoíreachta eile, ach nach bhfuil aon iompar paisinéirí i gceist leo, ba cheart an critéar ginearálta de ‘chion suntasach’ de luach an chomhcheangail, ag a bhfuil feidhm maidir le seirbhísí turasoíreachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d), a ionadú leis an gcritéar níos sonraí ‘ar a laghad 25 %’ chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú.
- (11) Mar a léiríodh, go háirithe le linn phaindéim COVID- 19, an cleachtas gnó do réamhíocaíochtaí atá i réim, an easpa rialacha gnólacht le gnólacht maidir le haisíocaíochtaí le heagraí pacáistí le haghaidh seirbhísí arna gcur ar ceal nó gan chomhlíonadh ag na soláthraithe seirbhíse, an easpa rialacha maidir le dearbháin, chomh maith le héiginnteacht maidir le cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear le cosaint ar dhócmhainneacht éilimh ar aisíocaíocht agus dearbháin; féadfaidh siad a bheith ina gcúis le deacrachtaí i ndáil le haisíocaíochtaí le taistealaithe, go háirithe, i gcás ina dtagann cealúcháin iomadúla de thoradh imthosca dosheachanta agus urghnácha agus ina ndéanann siad difear do roinnt mhaith cinn scríbe taistil. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh go dtugtar cosaint éifeachtach d’íocaíochtaí taistealaithe i gcónaí, lena n- áirítear le linn géarchéime. Thairis sin, ba cheart a

áirithiú go mbeidh córais náisiúnta cosanta ar dhócmhainneacht athléimneach agus go dtugtar cosaint níos aonfhoirmí leo.

- (12) Tá rioscaí áirithe ann atá de dhlúth agus d'inneach an chleachtais gnó ina n-éilítear réamhíocaíochtaí, go háirithe i gcásanna ina gceanglaítear ar eagraithe méideanna suntasacha a aisíoc le taistealaithe ar thurais a cuireadh ar ceal laistigh de thréimhse ghairid. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh nár cheart éarlaisí, is é sin le rá íocaíochtaí a iarrtar ar thaistealaithe tráth na háirithinte nó go gairid ina dhiaidh sin, a bheith níos airde ná 25 % de phraghas iomlán an phacáiste, agus gur cheart cosc a chur ar eagraithe nó, i gcás inarb infheidhme, ar mhiondíoltóirí íoc an mhéid atá gan íoc a iarraidh níos luaithe ná 28 lá roimh thús an phacáiste. An tráth céanna, ba cheart d'eagraithe agus, i gcás inarb infheidhme, do mhiondíoltóirí a bheith in ann éarlaisí níos airde a iarraidh i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht chuí an phacáiste a áirithiú. Is féidir an leibhéal éarlaisí arna iarraidh ag eagraithe a chosaint trí réamhíocaíochtaí le soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear i gcás inar leis an ngrúpa céanna cuideachtaí leis an eagraí iad, nó tríd an ngá chun costais an eagraí a chumhdach a bhaineann go díreach le heagrú agus feidhmíocht an phacáiste tráth na háirithinte nó go gairid ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí, i gcás inarb infheidhme, coimisiúin arna n-iarraidh ag miondíoltóirí a áireamh leis sin.
- (13) Níor cheart go mbeadh ríomhanna difriúla de dhíth le haghaidh gach pacáiste leis an leibhéal réamhíocaíochtaí, ach is féidir é a shuí le haghaidh grúpaí pacáistí lena mbaineann saintréithe comhchosúla maidir le riachtanas na réamhíocaíochta. Ba cheart go leanfaí d'oibleagáid a cheangal ar eagraithe, i gcás inarb ábhartha, taistealaithe a chur ar an eolas, roimh thabhairt i gcrích an chonartha, maidir leis na réamhíocaíochtaí a iarrann siad.
- (14) Óir nach bhfuil teorannú na réamhíocaíochtaí comhoiriúnach le coincheap na mboscaí bronnánais taistil lánegraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(5)(b)(iv) de Threoir (AE) 2015/2302 agus pacáistí a chuirtear in áirithe níos lú ná 28 lá roimh thús an phacáiste, ba cheart an dá chineál pacáistí sin a dhíolmhú ó theorannú na réamhíocaíochtaí airleacain a thugtar isteach leis an Treoir seo.
- (15) I gcás ina gcuirtear seirbhís taistil ar ceal nó nach gcomhlíontar í, agus i gcás ina ndearnadh réamhíocaíochtaí leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, ba cheart d'eagraithe a bheith i dteideal aisíoc na n-íocaíochtaí a dhéantar ó sholáthraithe seirbhíse laistigh de 7 lá. Ba cheart go gcuirfí ar chumas eagraithe leis an gceart ar aisíocaíocht a n-oibleagáid a chomhlíonadh chun taistealaithe a aisíoc laistigh de 14 lá i gcásanna ina bhfóirceannar an conradh taistil lánegraithe ina iomláine freisin. I gcás ina gcuireann soláthraí seirbhíse taistil seirbhís ar ceal nó nach gcuireann seirbhís ar fáil atá le fáil i bpacáiste, ach i gcás inar ann go fóill don chonradh taistil lánegraithe, ba cheart go gcuirfí leis an gceart chun aisíoc a fháil laistigh de 7 lá ar chumas eagraithe socruithe malartacha a dhéanamh.
- (16) In imthosca áirithe is féidir le dearbháin dheonacha le taistealaithe a bheith ina malairt rogha úsáideach ar aisíocaíochtaí. Is féidir níos mó solúbthachta a thabhairt d'eagraithe le dearbháin, go háirithe más gá dóibh dul i ngleic leis an oibleagáid roinnt mhaith aisíocaíochtaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghairid. An tráth céanna, is féidir le dearbháin a bheith inghlactha do thaistealaithe nach dteastaíonn aisíoc ar an toirt uathu, fad a bhíonn ráthaíochtaí sonracha dlíthiúla ann. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha soiléire maidir le dearbháin a leagan síos ina dtabharfaí na ráthaíochtaí sin. Ba cheart trédhearcacht maidir le cineál deonach agus príomh-shaintréithe na ndearbhán

a áireamh leis na ráthaíochtaí sin, chomh maith le trédhearcacht maidir le cearta taistealaithe i ndáil le dearbháin, mar shampla, an chaoi a dtugtar cosaint dóibh ar dhócmhainneacht an eagraí agus go bhfuil taistealaithe i dteideal aisíoc uathoibríoch i gcás nach bhfuasclaítear dearbhán le linn a thréimhse bailíochta. Féadfaidh eagraithe mealltacht na ndearbhán a mhéadú, mar shampla, trí mhéid an dearbháin a mhéadú i gcomparáid le ceart an taistealaí ar aisíocaíocht. Sna cásanna sin, ba cheart don chosaint ar dhócmhainneacht a bheith teoranta do mhéid na n- íocaíochtaí a fhaightear ón taistealaí.

- (17) D'fhéadfadh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásraí lena n- áiritheofaí aisíocaíochtaí le taistealaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, le haghaidh cásanna ina gcuirtear pacáistí ar ceal de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha agus i gcás nach féidir le heagraithe a n- oibleagáidí aisíocaíochta a chomhlíonadh. Chun an trédhearcacht a mhéadú, ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit a thugann sásraí den sórt sin isteach an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile a chur ar an eolas faoi shásraí den sórt sin. Is gnách go gcistítear sásraí den sórt sin go heisiach le ranníocaíochtaí ó eagraithe. Is in imthosca eisceachtúla amháin ar féidir sásraí den sórt sin a chómhaoiniú ag na Ballstáit, agus go bhfuil a dtabhairt isteach gan dochar d'fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.
- (18) Leis an iliomad cásanna a d'fhéadfaí a shamhlú óna bhféadfadh foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe teacht de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha a dhéanann difear suntasach do chomhlíonadh pacáiste, is gá measúnú cás ar chás a dhéanamh, mar shampla, i bhfianaise chineál agus mhéid na n- imthosca sin. Ba cheart a shoiléiriú gur féidir foirceannadh conartha a dhéanamh más féidir coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfar difear suntasach dá fheidhmíocht le himthosca dosheachanta agus urghnácha.
- (19) Le linn phaindéim COVID- 19, tháinig léirmhínithe difriúla anuas maidir le cearta cealúcháin de bharr 'imthosca dosheachanta agus urghnácha', lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le hábharthacht na rabhadh taistil. Is beart iomchuí dá bhrí sin é gur eilimintí tábhachtacha iad na rabhaidh oifigiúla taistil don cheann scríbe taistil arna n- eisiúint ag údaráis Bhallstát thír chónaithe nó imeachta an taistealaí nó a thír cinn scríbe, agus measúnú á dhéanamh ar an réasúnú le foirceannadh conartha. Ba cheart a shoiléiriú freisin go mbaineann ábharthacht le srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó ag a mbeidh feidhm tar éis filleadh ón turas nó ón tsaoire, amhail ceanglais choraintín a mhaireann go ceann tréimhse shuntasach, agus measúnú á dhéanamh ar an réasúnú le foirceannadh conartha taistil láneagraithe.
- (20) Ba cheart a shoiléiriú freisin, go mbíonn feidhm ag an tréimhse aisíocaíochta 14 lá, a ghintear le foirceannadh an chonartha, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n- iarrann an taistealaí go sonrach ar aisíocaíocht a fháil.
- (21) Chun cosaint éifeachtach agus aonfhoirmeach do thaistealaithe agus cothroime iomaíochta d'eagraithe a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go gcumhdaítear le cosaint eagraithe ar dhócmhainneacht gach íocaíocht a dhéanann taistealaithe agus a dhéantar ar a son i gcás dhócmhainneacht an eagraí, lena n- áirítear cásanna nach gcomhlíontar pacáiste ina iomláine nó i bpáirt mar iarmhairt ar dhócmhainneacht an eagraí agus i gcásanna ina raibh taistealaí i dteideal aisíocaíochta nó ina bhfuair sé dearbhán ón eagraí roimh a dhócmhainneachtsan.
- (22) Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú do thaistealaithe i gcónaí, ba cheart foráil a dhéanamh gur leordhóthanach é an t- urrús le costais a chumhdach d'aisíocaíochtaí i gcásanna ina dtarlaíonn aon dócmhainneacht nuair a bhíonn eagraí i

seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde. Aon mhéadú ar na méideanna sin de bharr líon pacáistí níos airde a bheith díolta ná mar a bhí coinne leis thar thréimhse faoi leith, ba cheart an méadú sin a chur san áireamh. Ba cheart a shoiléiriú gur cheart do Bhallstáit maoirsiú a dhéanamh ar chosaint eagraithe ar dhócmhainneacht, agus faireachán a dhéanamh ar an bhforáil maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus mar sin de. Dá mba ghá, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an dara leibhéal cosanta a fháil, amhail ciste cúltaca. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha, mar shampla, i gcás nach dtugtar an leibhéal cosanta atá de dhíth faoi na beartais árachais. Ba cheart de ghnáth do chistí cúltaca den sórt sin a bheith á maoiniú go heisiach trí ranníocaíochtaí ó eagraithe. Ba cheart a shoiléiriú nach féidir leis na Ballstáit bearta den sórt sin a chómhaoiniú ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus a athdhearbhú go bhfuil na forálacha sin gan dochar d'fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair a mhéid a bhaineann Státchabhair leis na bearta sin.

- (23) A mhéid a bhaineann le haisíocaíochtaí ar íocaíochtaí i gcás dhócmhainneacht eagraí, ba cheart an tréimhse d'aisíocaíochtaí a shonrú a thuilleadh, ina dtagraítear do na 3 mhí tar éis don taistealaí na doiciméad a chur faoi bhráid is gá chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh. Is beart iomchuí freisin é a leagan síos i bhforáil go bhféadfaidh na Ballstáit a cheangal ar mhiondíoltóirí cosaint ar dhócmhainneacht a fháil i dteannta eagraithe.
- (24) Ba cheart a shoiléiriú go mbíonn na lárphointí teagmhála freagrach as malartú na faisnéise i ndáil le cosaint ar dhócmhainneacht agus ceisteanna gaolmhara, lena n-áirítear aon sásra chun aisíocaíochtaí tráthúla a áirithiú le haghaidh conarthaí taistil láneagraithe.
- (25) Is rud tábhachtach é go gcuirtear taistealaithe ar an eolas i gceart maidir lena gcearta, gur féidir leo an fhaisnéis a thugtar dóibh a thuiscint agus go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin nuair a bheidh sí de dhíth orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh maidir le ceanglais faisnéise réamhchonarthacha, ábhar conartha taistil láneagraithe agus na foirmeacha faisnéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302. Mar shampla, ba cheart a shonrú sna foirmeacha faisnéise caighdeánacha in Iarscríbhinn I an trádálaí atá freagrach as aisíocaíochtaí as pacáistí a cuireadh ar ceal. Ba cheart an ceart chun conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táille de bharr imthosca dosheachanta agus neamhghnácha a thabhairt nó an deis a thabhairt pacáiste a chur ar ceal faoi réir táille cealaithe. Ina theannta sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar na heagraithe an fhoirm faisnéise chaighdeánach a chur leis an gconradh ionas go mbeidh sé ar fáil do thaistealaithe tar éis thabhairt i gcrích an chonartha, i dteannta sonraí teagmhála na dtrádálaithe ábhartha.
- (26) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2015/2302 a leasú dá réir sin.
- (27) Óir nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin chun rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann leis an taisteal láneagraithe agus le leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach san earnáil seo, ach gur fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, de bhrí a scála agus a éifeachtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(28) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Leis an Treoir seo, go háirithe, urramaítear an tsaoirse fiontraíochta a leagtar síos in Airteagal 16 den Chairt, agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí laistigh den Aontas a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chairt.

(29) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de 5 bliana óna teacht i bhfeidhm. Cé go ndearnadh measúnú cúramach ar na tionchair ón Treoir seo ar ghnólachtaí taistil, lena n-áirítear ar eagraithe micrimhéide, beaga agus meánmhéide, is beart iomchuí chun tionchar a cur i bhfeidhm ar eagraithe micrimhéide, beaga agus meánmhéide a chur san áireamh sa tuarascáil seo. I gcás inar gá, ba cheart bearta reachtacha a bheith ag gabháil leis an tuarascáil,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir (AE) 2015/2302

Leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Ábhar

‘Is é is cuspóir don Treoir seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach trí ghnéithe áirithe de dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú a mhéid a bhaineann le conarthaí idir taistealaithe agus trádálaithe i ndáil leis an taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, chomh maith le ghnéithe áirithe de chonarthaí idir eagraithe pacáistí agus soláthraithe seirbhíse’.

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh feidhm leis an Treoir seo maidir le taisteal láneagraithe arna gcur ar fáil le díol nó arna ndíol ag trádálaithe le taistealaithe agus maidir le socruithe taistil cuidithe arna n-éascú ag trádálaithe do thaistealaithe.

Beidh feidhm leis freisin maidir le cearta aisíocaíochta eagraithe mar a shainítear in Airteagal 3(8) in aghaidh soláthraithe seirbhíse taistil i gcás chealúchán nó neamhsholáthar seirbhíse atá ina cuid de phacáiste taistil láneagraithe.

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘(2) ciallaíonn ‘taisteal láneagraithe’ comhcheangal de dhá chineál dhifriúla seirbhísí taistil ar a laghad, mar a shainítear i bpointe 1, chun críche an turais nó na saoire céanna, más rud é:

(a) gurb é trádálaí amháin a chomhcheanglaíonn na seirbhísí sin, lena n-áirítear arna n-iarraidh sin don taistealaí nó i gcomhréir le roghnú an taistealaí, sula dtugtar conradh aonair maidir le gach seirbhís i gcrích; nó

- (b) gan beann ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar conarthaí leithligh i gcrích le soláthraithe seirbhíse taistil, agus:
- (i) go gceannaítear na seirbhísí sin ó dhíolphointe aonair agus
 - gur roghnaíodh iad sula n- aontaíonn an taistealaí íoc, nó
 - go gcuirtear cineálacha eile seirbhísí taistil in áirithe laistigh de 3 uair an chloig tar éis don taistealaí aontú chun íoc as an gcéad seirbhís taistil, nó
 - go gcuirtear cineálacha eile seirbhísí taistil in áirithe laistigh de 24 uair an chloig tar éis don taistealaí íoc as an gcéad seirbhís taistil agus más rud é, sular aontaigh an taistealaí íoc as an gcéad seirbhís taistil, gur iarr an trádálaí ar an taistealaí cineál amháin nó níos mó de sheirbhísí taistil a chur in áirithe, nó
 - (ii) go dtairgtear, go ndíoltar nó go n- íoctar iad ar phraghas cuimsitheach nó iomlán, gan beann ar aon bhilleáil ar leithligh, nó
 - (iii) go ndéantar fógraíocht orthu nó go ndíoltar iad faoin téarma ‘pacáiste’ nó faoi théarma comhchosúil, nó
 - (iv) go gcomhcheanglaítear iad tar éis conradh a thabhairt i gcrích trína dtugann trádálaí teidlíocht don taistealaí roghnú as measc rogha cineálacha difriúla seirbhísí taistil, nó
 - (v) go gceannaítear ó thrádálaithe ar leithligh trí phróisis áirithe ar líne idirnasctha iad ina dtarchuirtear ainm, sonraí íocaíochta, agus seoladh ríomhphoist nó sonraí pearsanta eile an taistealaí ón trádálaí lena dtugtar i gcrích an chéad chonradh chuig trádálaí nó trádálaithe eile.

Comhcheangal de sheirbhísí taistil nach gcomhcheanglaítear níos mó ná cineál amháin seirbhíse taistil dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) de phointe 1 le seirbhís turasóireachta amháin nó níos mó dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 1; ní pacáiste é más rud é i gcás an dara cineál seirbhísí:

- (a) nach bhfreagraíonn siad do níos mó ná 25 % de luach an chomhcheangail, agus nach ndéantar iad a fhógairt mar ghné fíor- riachtanach den chomhcheangal, ná nach ionann iad agus gné fhíor- riachtanach de; nó
 - (b) nach roghnaítear agus nach gceannaítear iad ach amháin tar éis do thús a bheith curtha le seirbhís taistil a chomhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) de phointe 1;’.
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

‘(5) ciallaíonn ‘socrú taistil gaolmhar’ comhcheangal de chineálacha difriúla seirbhísí taistil, nach dtagann faoin sainiú ar phacáiste i bpointe 2, i gcás ina n- iarrann trádálaí is páirtí i gconradh maidir le soláthar seirbhíse taistil agus a fhaigheann íocaíochtaí ón taistealaí nó ar a shonsan ar thaistealaí cineál breise seirbhíse taistil a chur in áirithe ó thrádálaí eile chun críche an turais nó na saoire céanna, agus i gcás ina dtugtar conradh maidir le soláthar seirbhíse taistil breise i gcrích ar a dhéanaí 24 uair an chloig tar éis don chéad chonradh a bheith curtha in áirithe.

(4) Leasaítear Airteagal 5, mír 1, mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) na socruithe le haghaidh íocaíochta, lena n- áirítear aon mhéid nó céatadán den phraghas atá le híoc mar éarlais agus uainiú d’íoc an mhéid atá fágtha, i gcomhréir le hAirteagal 5a, nó ráthaíochtaí airgeadais atá le híoc nó le soláthar ag an taistealaí;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘faisnéis go bhféadfaidh an taistealaí an conradh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an phacáiste ar tháille foirceanta iomchuí agus réasúnaithe a íoc, nó, i gcás inarb infheidhme, ar na táillí foirceanta caighdeánaithe arna n- iarraidh ag an eagraí, i gcomhréir le hAirteagal 12(1), agus go bhféadfaidh an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha arna sonrú faoi Airteagal 12(2);’.

(5) cuirtear Airteagal 5a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 5a

Íocaíochtaí

Áiritheoidh na Ballstáit, ach amháin le haghaidh pacáistí mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (2)(b)(iv), agus pacáistí a chuirtear in áirithe 28 lá roimh thús an phacáiste, ní iarraidh an t- eagraí ná, i gcás inarb infheidhme, an miondíoltóir éarlaisí os cionn 25 % de phraghas iomlán an phacáiste, agus ní iarraidh siad an íocaíocht atá fágtha níos luaithe ná 28 lá roimh thús an phacáiste. Féadfaidh an t- eagraí, nó i gcás inarb infheidhme, féadfaidh an miondíoltóir éarlaisí níos airde a iarraidh i gcás inar gá sin chun eagrú agus feidhmíocht an phacáiste a áirithiú. [Féadfar a chumhdach leis na héalaisí réamhíocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí a áirítear sa phacáiste agus costais a thabhaigh an t- eagraí freisin, nó i gcás inarb infheidhme an miondíoltóir freisin, go sonrach i ndáil le heagrú agus comhlíonadh an phacáiste a mhéid is gá chun na costais sin a chumhdach tráth na háirithe.](#)

(6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) faisnéis:

(i) gurb é an t- eagraí atá freagrach as comhlíonadh na seirbhísí taistil uile a áirítear i gconradh i gcomhréir le hAirteagal 13, as aon aisíocaíocht de bharr an fhoirceanta nó athruithe ar chonradh, agus as cúnamh a chur ar fáil má tá deacrachtaí ag an taistealaí i gcomhréir le hAirteagal 16;

(ii) i gcás inarb infheidhme, go bhféadann an taistealaí teagmháil a dhéanamh leis an eagraí trí mheán an mhiondíoltóra freisin.’

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Beidh an fhoirm faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gceangal leis an gconradh. Beidh tagairt shoiléir sa chonradh don fhaisnéis sin.’.

(7) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. D’ainneoin mhír 1, beidh an ceart ag taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh roimh thús an phacáiste gan aon táille foirceanta a íoc i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha ag ceann scríbe an taistil nó ina gharchomharsanacht, ag áit chónaithe nó imeachta an taistealaí, nó a dhéanann difear don turas chuig an gceann scríbe, i gcás ina ndéanann imthosca den sórt sin difear suntasach d’fheidhmíocht an phacáiste. Féadfaidh an taistealaí an conradh a fhoirceannadh i gcás ina bhfuil coinne réasúnta leis go ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach d’fheidhmíocht an chonartha taistil láneagraithe. Má fhoirceannar an conradh taistil láneagraithe i gcomhréir leis an mír seo, beidh an taistealaí i dteideal aisíocaíocht iomlán d’aon íocaíocht a rinneadh as an bpacáiste ach ní bheidh sé i dteideal aon chúitimh breise.’

- (b) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Rabhaidh oifigiúla in aghaidh taistil chuig ceann scríbe faoi leith arna n-eisiúint ag údaráis an Bhallstáit imeachta nó údaráis thír chónaithe nó chinn scríbe an taistealaí, nó an chaoi a mbeidh taistealaithe faoi réir srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó sa Bhallstát cónaithe nó imeachta tar éis filleadh ón turas nó ón tsaoire, beidh siad ina ngnéithe tábhachtacha le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le foirceannadh an chonartha bunaithe ar mhír 2 agus mír 3, pointe (b).’

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuirfidh an t-eagraí aon aisíocaíocht is gá faoi mhíreanna 2 agus 3 ar fáil nó, a mhéid a bhaineann le mír 1, aisíocfaidh sé aon íocaíocht a dhéanann an taistealaí nó ar a shon as an bpacáiste lúide an táille foirceanta iomchuí agus inchosanta. Déanfaidh an t-eagraí aon aisíoc nó aisíocaíocht den sórt sin leis an taistealaí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don chonradh taistil láneagraithe a bheith foirceanta, gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí aisíoc a fháil.’

I gcás ina dtugann Ballstáit isteach, nó ina gcoinníonn siad ar bun sásraí a bhfuil sé d’aidhm acu a áirithiú go ndéantar aisíoc le taistealaithe laistigh den tréimhse ama a leagtar síos sa chéad fhomhír, tar éis foirceannadh na gconarthaí taistil láneagraithe i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, cuirfidh siad an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile ar an eolas faoi na sásraí sin, dá dtagraítear in Airteagal 18(2). Aon chómhaoiniú do shásraí den sórt sin ag na Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.’

- (8) cuirtear an tAirteagal 12a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 12a

Dearbháin

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfoirceannar conradh de bhun Airteagail 10, 11 nó 12, go bhféadfaidh an t-eagraí an rogha a thabhairt don taistealaí glacadh le dearbhán is féidir a úsáid le haghaidh pacáiste amach anseo in ionad aisíoca.
2. Sula nglacann an taistealaí le dearbhán, cuirfidh an t-eagraí an taistealaí ar an eolas go soiléir agus go feiceálach i scríbhinn faoi:

(a) go bhfuil an taistealaí i dteideal aisíoca laistigh de 14 lá agus nach bhfuil sé de cheangal air glacadh le dearbhán,

(b) go bhfuil tréimhse bhailíochta an dearbháin agus cearta na dtaistealaithe i ndáil le dearbháin mar a leagtar síos san Airteagal seo,

3. Comhfhreagróidh luach an dearbháin ar a laghad do mhéid cheart aisíocaíocht an taistealaí. Féadfaidh an t- eagraí dearbhán a thairiscint ar mhéid níos airde.

4. Ní chaillfidh taistealaithe a gceart aisíoca le linn thréimhse bhailíochta an dearbháin, ach amháin má ghlacann siad leis an dearbhán in ionad aisíoca go sainráite agus i scríbhinn. Féadfaidh na páirtithe aontú tráth ar bith ar aisíoc iomlán a fháil sula bhfuasclófar dearbhán nó sula rachaidh sé as feidhm.

5. Beidh tréimhse bhailíochta ag dearbháin d'uasfhad 12 mhí ón lá a ghlacann taistealaí le dearbhán i gcomhréir le mír 4. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh uair amháin go ceann suas le 12 mhí le comhaontú sainráite agus scríofa an dá pháirtí.

7. Mura bhfuasclaítear an dearbhán laistigh dá thréimhse bhailíochta, aisíocfaidh an t- eagraí an méid a shonraítear sa dearbhán a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 14 lá tar éis deireadh na tréimhse bailíochta gan gá aon iarraidh roimhe sin a fháil ón taistealaí.

8. Beidh dearbháin inaistrithe le taistealaí eile gan aon chostas breise i gceist.

9. Cumhdófar dearbháin leis an gcosaint ar dhócmhainneacht a shocróidh an t- eagraí faoi Airteagal 17 ar mhéid na n- íocaíochtaí a fhaightear ón taistealaí.

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

‘Airteagal 17

Éifeachtacht agus raon feidhme na cosanta ar dhócmhainneacht

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfidh eagraithe ina gcríoch urrús ar fáil le haghaidh gach íocaíocht a aisíoc a dhéanann taistealaithe nó a dhéantar ar a son i gcás dhócmhainneacht eagraithe. Áireofar leis sin cosaint íocaíochtaí a dhéantar i gcás nach gcomhlíontar pacáiste ina iomláine nó i bpáirt de dhroim dhócmhainneacht an eagraí nó i gcás ina raibh taistealaí i dteideal aisíoc a fháil nó ina bhfuair sé dearbhán ón eagraí roimh a dhócmhainneacht. A mhéid a bhaineann le dearbháin, beidh an t- urrús teoranta don mhéid íocaíochtaí a fhaightear ón taistealaí. Má áirítear an turas fillte sa chonradh taistil láneagraithe, cuirfidh eagraithe urrús ar fáil d'aisdúichiú an taistealaí freisin. Féadfar leanúint den phacáiste a thairiscint.

Beidh sé ina cheangal ar eagraithe nach bhfuil bunaithe i mBallstát a dhíolann nó a thairgeann pacáistí le díol i mBallstát, nó a threoraíonn gníomhaíochtaí den sórt sin chuig Ballstát trí mheán ar bith, an t- urrús a chur ar fáil i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.

2. Beidh an t- urrús dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach agus cumhdófar costais atá measartha intuartha leis. Cumhdófar leis na méideanna íocaíochtaí a rinne taistealaithe nó a ndearnadh ar a son i ndáil le pacáistí, agus fad na tréimhse idir fáil aon íocaíochtaí agus comhlíonadh na bpacáistí á chur san áireamh, chomh maith leis an gcostas measta ar aisdúichithe i gcás dhócmhainneacht an eagraí. Beidh an t- urrús leordhóthanach chun costais ar a aisíoc a chumhdach agus, i gcás inarb infheidhme, aisdúichithe agus dearbháin, i gcónaí. Cuirfear

san áireamh leis an gcumhdach tréimhsí ina mbíonn eagraithe i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde agus aon athrú ar mhéid díolachán na bpacáistí.

3. Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú, maoirseoidh na Ballstáit socruithe cosanta dócmhainneachta na n- eagraithe atá bunaithe ar a gcríoch, déanfaidh siad faireachán ar an margadh as cosaint ar dhócmhainneacht a chur ar fáil, agus féadfaidh, más gá, ceanglóidh siad an dara leibhéal cosanta a bheith de dhíth orthu. Aon chómhaoiniú ag na Ballstáit, ní féidir é a dhéanamh ach in imthosca eisceachtúla agus cuí- réasúnaithe, agus braithfidh sé ar fhormheas a fháil faoi fhorálacha an Aontais maidir le Státchabhair.
4. Tairbheoidh taistealaithe de chosaint eagraí ar dhócmhainneacht gan beann ar a n- áit chónaithe, an áit imeachta nó i gcás ina ndíoltar an pacáiste, agus gan beann ar an mBallstát ina bhfuil an t- eintiteas i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht suite.
5. Nuair a dhéanann comhlíonadh an phacáiste difear do dhócmhainneacht an eagraí, beidh an t- urrús ar fáil saor in aisce chun aisdúichithe a áirithiú agus, más gá, chun maoiniú na cóiríochta roimh an aisdúichiú a áirithiú.
6. Cuirfear aisíoc íocaíochtaí a dhéanann difear do dhócmhainneacht an eagraí ar fáil gan moill mhíchui tar éis iarraidh an taistealaí, agus ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí tar éis don taistealaí na doiciméid is gá a chur isteach chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh.
7. I gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin i bhfianaise íocaíochtaí a fhaigheann miondíoltóirí, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar mhiondíoltóirí cosaint ar dhócmhainneacht a fháil i dteannta eagraithe gan beann ar an dara fómhír d’Airteagal 13(1).’.

(10) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ainmneoidh na Ballstáit lárphointí teagmhála chun comhar riaracháin agus maoirsiú eagraithe a oibríonn i mBallstáit dhifriúla a éascú agus chun faisnéis a mhalartú i ndáil le cosaint ar dhócmhainneacht agus aon sásra atá curtha i bhfeidhm chun éifeachtacht an aisíoca ar chonarthaí taistil láneagraithe a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi shonraí teagmhála na bpointí teagmhála sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

‘Airteagal 19

Ceanglais cosanta dócmhainneachta agus faisnéise le haghaidh socruithe taistil gaolmhara

1. I gcás socruithe taistil gaolmhara, mar a shainítear in Airteagal 3(5), áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na trádálaithe a iarrann ar thaistealaithe conradh a thabhairt i gcrích maidir le cineál difriúil seirbhíse taistil urrús ar fáil le haghaidh aisíoc gach íocaíochta a fhaigheann siad ó thaistealaithe. Má bhíonn trádálaithe den sórt sin freagrach as turas fillte an taistealaí, cumhdófar aisdúichiú an taistealaí leis an urrús freisin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an dara fómhír d’Airteagal 17(1), Airteagal 17(2) go (6) agus ag Airteagal 18.

2. Arna iarraidh ar an taistealaí conradh a thabhairt i gcrích maidir le gach cineál difriúil seirbhíse taistil, déanfaidh an trádálaí, lena n- áirítear i gcás nach bhfuil sé

bunaithe i mBallstát ach, ina dtreoraíonn sé gníomhaíochtaí den sórt sin chuig Ballstát trí mheán ar bith, an fhoirm faisnéise chaighdeánach ábhartha a chur ar fáil a leagtar amach in Iarscríbhinn II, arna comhlánú de réir mar is iomchuí. Cuirfear an fhoirm ar fáil ar bhealach soiléir agus suaithinseach.

3. I gcás nach gcomhlíonann na trádálaithe na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 9 agus 12 agus ag Caibidil IV maidir leis na seirbhísí taistil a áirítear sa socrú taistil gaolmhar.

4. I gcás ina gcuirtear socrú taistil gaolmhar ar bun, déanfaidh an trádálaí a thugann conradh i gcrích maidir le cineál difriúil seirbhíse taistil an trádálaí ar an eolas a d'iarr ar an taistealaí an conradh sin a thabhairt i gcrích faoin bhfíoras sin.

- (12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

'Airteagal 22

Ceart sásaimh agus cearta eagraithe ar aisíocaíocht

(1) I gcásanna ina ndéanann eagraí nó, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 13(1) nó Airteagal 20, miondíoltóir cúiteamh a íoc, laghdú ar phraghas a dheonú nó ina gcomhlíonann na hoibleagáidí eile atá de dhualgas air faoin Treoir seo, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag an eagraí nó an miondíoltóir sásamh a lorg ó aon tríú páirtí a rannchuidigh leis an teagmhas lenar gineadh an cúiteamh, an laghdú ar phraghas nó oibleagáidí eile.

(2) Áiríteoidh na Ballstáit, nuair a chuireann soláthraí seirbhíse seirbhís ar ceal atá ina cuid de phacáiste nó ina mainníonn sé í a chur ar fáil, go n-aisíocfaidh an soláthraí seirbhíse sin leis an eagraí aon íocaíocht a rinne an t-eagraí don tseirbhís laistigh de 7 lá. Tosóidh an tréimhse 7 lá an lá tar éis chealúchán na seirbhíse nó an lá a bhí an tseirbhís dlite le feidhmiú, cibé dáta is luaithe.'

- (13) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I.
- (14) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Tuairisciú ag an gCoimisiún agus athbhreithniú

Faoi [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sin freisin an tionchar ar eagraithe micrimhéide, ar eagraithe beaga agus ar eagraithe meánmhéide.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil nuair is gá.

Airteagal 3

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón [6 mhí i ndiaidh an sprioc- ama trasuite].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán